**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0068/2024**

5.3.2024

# TUARASCÁIL

maidir le treoirlínte ginearálta i ndáil le buiséad 2024 a ullmhú, Roinn III – an Coimisiún
(2023/2220(BUI))

An Coiste um Buiséid

Rapóirtéir: Victor Negrescu

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

ANNEX: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT....................................................................................................................................21

LITIR ÓN GCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACHTRACHA......................................................22

LITIR ÓN GCOISTE UM FHORBAIRT...................................................................................24

LITIR ÓN GCOISTE UM RIALÚ BUISÉADACH ..................................................................30

LITIR ÓN GCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA ............34

LITIR ÓN GCOISTE UM AN GCOMHSHAOL, UM SHLÁINTE PHOIBLÍ AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BIA....................................................................................................44

LITIR ÓN GCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FHUINNEAMH...................................................................................................................51

LITIR ÓN GCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT ...............................55

LITIR ÓN GCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE..........60

LITIR ÓN GCOISTE UM CHULTÚR AGUS UM OIDEACHAS........................................63

LITIR ÓN GCOISTE UM GHNÓTHAÍ BUNREACHTÚLA ................................................66

LITIR ÓN GCOISTE UM CHEARTA NA MBAN AGUS UM CHOMHIONANNAS INSCNE ...............................................................................................................................69

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....................................74

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........75

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir le treoirlínte ginearálta i ndáil le buiséad 2024 a ullmhú, Roinn III – an Coimisiún**
**(2023/2220(BUI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagal 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

– ag féachaint do Rialachán athbhreithnithe (AE, Euratom) xxx ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (Rialachán CAI),

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2022/2496 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[1],

– ag féachaint do sheasamh uaithi an 16 Nollaig 2020 maidir leis an dréachtrialachán ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027[2],

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[3], agus do na dearbhuithe comhpháirteacha a comhaontaíodh idir an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún sa chomhthéacs sin[4] agus na dearbhuithe aontaobhacha gaolmhara[5],

– ag féachaint don tuarascáil eatramhach uaithi ar an togra le haghaidh athbhreithniú meántéarma ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027[6],

– ag féachaint do rún uaithi an 27 Feabhra 2024 maidir leis an dréachtrialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[7],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Bealtaine 2023 ar an tionchar a bheidh ag méadú ar chostais iasachtaíochta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh ar bhuiséad 2024 an Aontais Eorpaigh[8],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Nollaig 2022 maidir leis an gCreat Airgeadais

[1] IO L 325, 20.12.2022, lch. 11.
[2] IO C 445, 29.10.2021, lch. 240.
[3] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
[4] IO C 444 I, 22.12.2020, lch. 4.
[5] téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0357.
[6] Téacsanna arna nglacadh, P9-TA(2023)0335.
[7] téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2024)0082.
[8] téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0194.

Ilbhliantúil 2021-2027 a uas-scálú: buiséad athléimneach AE a bheidh oiriúnach do dhúshláin nua[9],

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2022 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (COM(2022)0223),

– ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[10],

– ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[11],

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2021 le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (COM(2021)0570) agus do sheasamh na Parlaiminte an 23 Samhain 2022 ina leith[12],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh tar éis ghéarchéim COVID-19[13],

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint[14],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal 'an Comhaontú Glas don Eoraip' (COM(2019)0640) agus do rún uaidh an 15 Eanáir 2020 ina leith[15],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach'),

– ag féachaint don Chomhaontú a glacadh ag an 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP21) i bPáras an 12 Nollaig 2015 (Comhaontú Pháras),

– ag féachaint don Fhorógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart

[9] IO C 177, 17.5.2023, lch. 115.
[10] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
[11] IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.
[12] IO C 167, 11.5.2023, lch. 162.
[13] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 23.
[14] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1.
[15] IO C 270, 7.7.2021, lch. 2.

Sóisialta an 13 Nollaig 2017[16], do rún uaithi maidir leis an 19 Eanáir 2017[17], do Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin an 4 Márta 2021 maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus do Dhearbhú Porto maidir le gnóthaí sóisialta a ghlac comhaltaí na Comhairle Eorpaí i mí na Bealtaine 2021,

– ag féachaint do straitéis an Aontais maidir le comhionannas inscne, 2020-2025,

– ag féachaint don tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Gender mainstreaming in the EU budget:

time to turn words into action' [Príomhshruthú inscne i mbuiséad AE: an t-am chun na focail a chur i ngníomh] 2021,

– ag féachaint do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2023 dar teideal 'A Green Deal Industrial Plan for the Net-Zero Age' [Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Aois Glan-Nialasach] (COM(2023)0062),

– ag féachaint do thogra an 20 Meitheamh 2023 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ('STEP') agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE, Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (COM(2023)335) an Aontais,

– ag féachaint do thogra an 20 Meitheamh 2023 le haghaidh rialachán lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin;

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024[18] agus do na ráitis chomhpháirteacha a comhaontaíodh idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún atá i gceangal leis seo,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an ... maidir leis na treoirlínte i ndáil le buiséid 2025 (00000/2024),

– ag féachaint do Riail 93 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na litreacha ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Rialú Buiséadach, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

[16] IO C 428, 13.12.2017, lch. 10.
[17] IO C 242, 10.7.2018, lch. 24.
[18] IO L 207, 22.2.2024, lch. 1.

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0068/2024),

***Buiséad an Aontais atá dírithe ar dhaoine 2025: Infheistíochtaí atá saincheaptha chun feabhas a chur ar shaol daoine agus chun borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais***

1. á chur in iúl go bhfuil sí suite de, tráth a tharlaíonn athrú geopholaitiúil agus institiúideach, brú airgeadais, an t-athrú aeráide agus dúshláin shochaíocha, go bhfuil buiséad AE atá iontaofa, láidir, solúbtha agus dírithe ar infheistíocht ríthábhachtach i gcónaí chun beartais an Aontais a chur chun feidhme agus go bhfuil sé lárnach chun freagairt do riachtanais mhéadaitheacha na ndaoine, gan aon duine a fhágáil ar lár trí na haistrithe glasa agus digiteacha, chun rathúnas agus slándáil a chur ar fáil do dhaoine agus chun borradh a chur faoi iomaíochas gheilleagar an Aontais;

2. ag cur béim ar imthosca deacra nós imeachta buiséid 2025, atá ar siúl tráth a bhfuil teannas agus éiginnteachtaí idirnáisiúnta móra ann, agus le linn bliain toghcháin nuair a bheidh ar an bParlaimint agus ar an gCoimisiún aistriú an reachtais a bhainistiú; á chur in iúl go bhfuil sí go hiomlán ar an eolas faoi na srianta móra féilire nach féidir iad a sheachaint agus á iarraidh ar na gníomhaithe uile iad a chur san áireamh go cuí le meon cuiditheach;

3. á chur in iúl gur oth léi go mór nár éirigh leis an gComhairle teacht ar chomhaontú maidir leis an athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) roimh dheireadh 2023; ag tabhairt dá haire, dá bhrí sin, go raibh uirthi tús a chur leis an nós imeachta buiséadach in éagmais deimhneacht maidir le roinnt gnéithe ríthábhachtacha sa chlársceidealú airgeadais le haghaidh 2025, agus gur maith a thuigeann sí, ar an drochuair, go bhfuil na corrlaigh an-docht, agus, i gcásanna áirithe, go bhfuil na corrlaigh diúltach faoi uasteorainneacha CAI;

4. á mheas go bhfuil toradh an athbhreithnithe ar CAI faoi bhun ardmhianta tosaigh PE; á chur i bhfios go láidir gur réamhriachtanas bunriachtanach é athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán CAI chun tacaíocht airgeadais mheántéarmach don Úcráin a áirithiú, chun cistiú méadaithe le haghaidh tosaíochtaí beartais spriocdhírithe a chumasú, lena n-áirítear neamhspleáchas straitéiseach an Aontais a chur chun cinn, agus chun cláir an Aontais agus solúbthacht an bhuiséid a chosaint i bhfianaise rátaí úis atá níos airde ná mar a bhí tuartha agus, dá bhrí sin, costais iasachtaíochta atá níos airde ná mar atá clársceidealaithe ag tabhairt dá haire gurb é nós imeachta buiséadach bliantúil 2025 an chéad fheidhmiú a bheidh bunaithe go hiomlán ar rialachán athbhreithnithe CAI;

5. á mheabhrú go bhfuil feidhm fós ag an Dearbhú Comhpháirteach arna chomhaontú ag na trí institiúid mar chuid de chomhaontú CAI 2020, ina mbeidh sé d'aidhm ag caiteachas chun costais mhaoiniúcháin NGEU a chumhdach 'gan cláir agus cistí a laghdú' agus go bhfónann sé mar phointe tagartha don údarás buiséadach, go háirithe chun ionstraim EURI a shlógadh chun cuid ar a laghad d'easnamh costais iasachtaíochta NGEU a chumhdach; á chur in iúl go bhfuil sé ar intinn aici, dá bhrí sin, a áirithiú go mbeidh na hacmhainní cuí ag gach clár agus go ndéanfar solúbthacht agus acmhainn freagartha an bhuiséid a chothabháil i gcaitheamh an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil; á áitiú gur gá don Choimisiún faisnéis iontaofa, thráthúil agus chruinn a chur ar fáil maidir le costais iasachtaíochta NGEU agus maidir le heisíocaíochtaí ionchasacha na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta le i gcaitheamh an nós imeachta

bhuiséadaigh;

6. á iarraidh ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 a chur i bhfeidhm maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint ina iomláine; á chur i bhfáth go háirithe gur réamhriachtanas bunúsach é comhlíonadh an smachta reachta chun rochtain a fháil ar chistí AE; á chur i bhfáth nach féidir cistí a eisíoc mura gcomhlíonann na Ballstáit na ceanglais ábhartha uile;

á athdhearbhú gur rioscaí soiléire do leasanna airgeadais AE agus do chosaint Bhuiséad AE iad saincheisteanna sistéamacha a bhaineann leis an smacht reachta, amhail sárú ar phrionsabal dheighilt na gcumhachtaí nó iarrachtaí a rinneadh le déanaí i roinnt Ballstát chun neamhspleáchas na mbreithiúna a ionsaí agus á iarraidh ar an gCoimisiún gan cúlú a cheadú maidir lena bhfuil bainte amach i réimse an smachta reachta; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún a áirithiú mar ábhar práinne go sroichfidh cistí AE atá ar fionraí saoránaigh, gnólachtaí, údaráis réigiúnacha agus áitiúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus aon gheallsealbhóirí ábhartha eile trí rialtais áitiúla agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, i gcomhréir leis an sásra Coinníollachta maidir leis an Smacht Reachta;

7. á chur i bhfios go láidir gur oibleagáid dhlíthiúil don Aontas é costais iasachtaíochta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) a aisíoc agus gur mír chaiteachais neamhroghnach i mbuiséad an Aontais é; ag tabhairt dá haire go mbraitheann na costais iasachtaíochta ar luas na n-eisíocaíochtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) agus ar luaineachtaí margaidh i dtorthaí bannaí agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad dothuartha agus luaineach go bunúsach; ag athdhearbhú a seasaimh gur cheart go mbeadh costais iasachtaíochta EURI curtha go hiomlán in ionstraim speisialta EURI de bhreis ar uasteorainneacha CAI, d'fhonn go ndéanfaí corrlaigh a athbhunú faoi Cheannteideal 2b agus spás buiséadach a chosaint sna hIonstraimí Solúbthachta agus Corrlaigh Aonair; á chur in iúl go bhféachfaidh sí lena áirithiú nach mbeidh mar thoradh ar chur i bhfeidhm shásra cascáide EURI sa CAI athbhreithnithe go mbeidh socruithe ann lena ndéanfar damáiste comhthaobhachta míchuí do chaiteachas cláraithe nó d'infhaighteachtaí faoi na hionstraimí speisialta neamhthéamacha;

8. á mheabhrú go bhfuiltear ag tuar[19] go dtiocfaidh fás an-bheag ar gheilleagar na hEorpa (0.9 % in 2024 agus 1.7 % in 2025), agus go meastar go bhfanfaidh an boilsciú i bhfad os cionn an 2 % a úsáidtear mar dhíbhoilsceoir uathoibríoch do CAI (3.0 % in 2024 agus 2.5 % in 2025); á aithint gurb é a leanann as sin caillteanas leanúnach cumhachta ceannaigh do bhuiséad nach mór dó fanacht i gcothromaíocht agus atá teoranta le dearbhmhéideanna; ag leagan béim ar an nglaoráta an-íseal don acmhainn dhílis bunaithe ar Ollioncam Náisiúnta (OIN) le blianta beaga anuas (0.46 % i ndréachtbhuiséad 2024), mar thoradh ar éifeacht chomhcheangailte an bhoilscithe, leibhéil ísle leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus ioncam níos airde ó acmhainní dílse áirithe eile; ag meabhrú a seasaimh gur cheart lacáistí agus sásraí ceartúcháin eile a dhíothú go buan agus, go dtí go gcuirfear deireadh buan leo, gur cheart olllaghduithe ar ranníocaíochtaí náisiúnta bunaithe ar OIN a bheith faoi réir díbhoilsceoir seasta suas le

[19] An Coimisiún Eorpach, 'Winter 2024 Economic Forecast: A delayed rebound in growth amid faster easing of inflation' [Réamhaisnéis Eacnamaíoch 2024: Moill ar an bhfás i ngeall ar mhaolú níos tapúla ar an mboilsciú], 2023.

2 % in aghaidh na bliana;

9. á chur in iúl gur saoth léi an easpa dul chun cinn sa Chomhairle maidir le hathchóiriú an chórais acmhainní dílse; ag meabhrú a seasaimh maidir leis na tograí leasaithe ón gCoimisiún, lena bhformhuinítear tabhairt isteach acmhainní dílse nua; á mheas, trí fhíorfhoinsí nua ioncaim a thabhairt isteach, i gcomhréir leis an treochlár sa chomhaontú idirinstitiúideach, go gcumhdófaí an t-ualach buiséadach breise a eascraíonn as iasachtaí NextGenerationEU agus, ar an gcaoi sin, go gcosnófaí na corrlaigh agus na sásraí solúbthachta, rud a d'éascódh cinnteoireacht bhuiséadach maidir le riachtanais gan choinne chomh maith le tionscnaimh nua maidir le fadbhreathnaitheacht straitéiseach; ag tathant ar an gCoimisiún, thairis sin, leanúint dá iarrachtaí acmhainní dílse úra, nua, agus fíor más féidir, agus foinsí ioncaim eile a shainaithint do bhuiséad AE cé is moite den Chomhaontú Idirinstitiúideach;

10. á chur in iúl gur oth léi go ndéanann ganntanais bhuiséadacha difear mór don acmhainneacht freagairt d'imeachtaí gan choinne nó tionscnaimh nua a sheoladh agus go bhfuil sé ar intinn aige an staid sin a chur ina ceart a mhéid is féidir agus ionchais mhéadaithe shaoránaigh AE á gcur i gcuntas freisin;

á mheabhrú gur gá ionstraim speisialta bhreise a bhunú de bhreis ar uasteorainneacha CAI ionas gur fearr is féidir le buiséad AE géarchéimeanna agus a n-éifeachtaí sóisialta agus eacnamaíocha a oiriúnú agus freagairt dóibh go tapa;

11. á chur in iúl go bhfuil rún daingean aici, in ainneoin na srianta iomadúla sin, seasamh comhleanúnach agus aontaithe a choinneáil lena léirítear a tosaíochtaí beartais seanbhunaithe agus a leasanna institiúideacha, lena n-áirítear borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais, spleáchais straitéiseacha a laghdú, dlús a chur le húsáid fuinnimh ghlain, a áirithiú go mbainfear amach spriocanna príomhshruthaithe aeráide agus bithéagsúlachta an Aontais, a chumais slándála agus chosanta a fheabhsú agus rannchuidiú leis na haistrithe glasa agus digiteacha agus tionchair dhiúltacha ar chláir shuaitheanta á n-íoslaghdú agus tairbhí iarmharta an fháis eacnamaíoch á uasmhéadú do gach duine san Aontas;

***Buiséad cothrom, cóir agus cuimsitheach a chuireann deiseanna níos fearr ar fáil do shaoránaigh uile an Aontais agus a áirithíonn fás eacnamaíoch.***

12. á thabhairt faoi deara go bhfuil maireachtáil inacmhainne agus comhtháthú sochaíoch fós ina ndúshláin leanúnacha ar fud Bhallstáit AE agus a réigiún agus ag meabhrú an róil atá ag seirbhísí poiblí ardcháilíochta agus inrochtana i ndáil leis sin; á chur in iúl gur mian léi an chuimsitheacht agus an inrochtaineacht ar chistiú a threisiú i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le critéir incháilitheachta ábhartha, agus deiseanna maoinithe a uasmhéadú trí chistí atá ann cheana a ghiaráil; á mheas gur cheart go leanfadh gné shóisialta chaiteachas AE, mar ghné riachtanach dá dhlisteanacht, de bheith ina critéar trasghearrtha do gach réimse beartais;

13. á chur i bhfios go láidir go bhfuil buiséad an Aontais, thar aon ní eile, ina bhuiséad infheistíochta a bhfuil éifeacht ghiarála aige, atá in ann borradh a chur faoi chuspóirí agus ceapadh beartais an Aontais, lena gcomhlánaítear beartais náisiúnta agus, dá bhrí sin, lena bhfreagraítear ar riachtanais na ndaoine go léir in AE; á mheabhrú a

thábhachtaí atá an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun athléimneacht an Aontais a mhéadú agus tionchair shocheacnamaíocha na ngéarchéimeanna a bhí ann san am a chuaigh thart agus na ngéarchéimeanna atá ar siúl faoi láthair a mhaolú; á chreidiúint gur cheart gach iarracht a dhéanamh chun a áirithiú go gcaithfear an dá mhórfhoinse chistiúcháin sin ón Aontas go héifeachtach agus gan a thuilleadh moille;

14. á chur in iúl go bhfuil rún daingean aici buiséad an Aontais a úsáid chun difríocht inláimhsithe agus infheicthe a dhéanamh do na saoránaigh, don gheilleagar sa mhargadh aonair agus do chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach trí thacú le poist ardcháilíochta a chruthú i dtionscail cheannródaíocha, margadh an tsaothair a dhéanamh slán i bhfad na haimsire trí fhorbairt scileanna agus scéimeanna chun cur leis an tallann, an dífhostaíocht a chomhrac, iomaíochas na hEorpa a fheabhsú agus ullmhacht an Aontais i réimse na cosanta a mhéadú; á mheas go bhfuil neamhspleáchas teicneolaíoch agus fás inbhuanaithe ríthábhachtach chun cuspóirí fadtéarmacha fuinnimh agus aeráide an Aontais a bhaint amach; á iarraidh an athuair go gcoinneofaí cistiú leormhaith chun tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) mar chnámh droma gheilleagar na hEorpa, gnólachtaí nuathionscanta agus daoine óga, feirmeoirí, múinteoirí agus oibrithe iompair; á chur i bhfios go láidir gur gá an bonneagar fuinnimh agus iompair a fheabhsú tuilleadh, infheistíocht a dhéanamh in uasghrádú seirbhísí sláinte agus leasa phoiblí, comhtháthú agus cuimsiú sóisialta agus críochach, agus chun tacú le pobail leochaileacha, iargúlta agus tuaithe lena n-áirítear sráidbhailte cliste; á chur i bhfios gur gá don bhuiséad an t-aistriú glas a áirithiú agus, ag an am céanna, tacú le talmhaíocht ardcháilíochta, lena n-áiritheofar rochtain ar shláinte agus ar oideachas ar ardchaighdeán;

15. ag cur béim ar an tionchar suntasach atá ag taighde agus nuálaíocht ar an iomaíochas, ar an bhfás fadtéarmach agus ar an bhfostaíocht san Aontas Eorpach; ag meabhrú an tionscnaimh sheanbhunaithe chun déine infheistíochta taighde agus forbartha AE a bhrú chun cinn go 3 % de OTI; á aithint go bhfuil bearna ann faoi láthair idir an cuspóir agus an cistiú iarbhír a chuirtear ar fáil; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ceannaireacht teicneolaíochta na hEorpa bunriachtanach chun an Comhaontú Glas agus an tAontas Sláinte a chur chun feidhme toisc go gcruthaíonn sí poist ardoilte san Aontas feadh an tslabhra luacha ina iomláine, agus go neartaíonn sí barr feabhais an taighde agus na nuálaíochta laistigh den Aontas; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di nach gcumhdaítear leis na cistí atá ar fáil ach codán de na hiarratais uile a chuirtear isteach, rud a fhágann go bhfuil leibhéil arda ró-shuibscríofa ar chláir agus go bhfuil taighdeoirí ag fágaint an Aontais agus ag dul go dtí réigiúin iomaíocha;

16. á chur i bhfios go láidir nach mór teacht ar réitigh inbhuanaithe agus fhadtéarmacha chun dúshláin dhéimeagrafacha struchtúracha a chomhrac go rathúil, agus chun imirce daoine oilte i gceantair lagfhorbartha de chuid an Aontais a mhaolú; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hacmhainní airgeadais chun réigiúin ina bhfuil an daonra ag titim a athbheochan trí infheistíochtaí i mbeartais shóisialta agus dhéimeagrafacha a thacaíonn le teaghlaigh agus chun tacaíocht leormhaith a sholáthar do dhaonraí atá ag dul in aois san Eoraip ó thaobh rochtain ar chúram sláinte, ar shoghluaisteacht agus ar sheirbhísí poiblí de;

17. á áitiú gur cheart an t-uasmhéid cistiúcháin féideartha a shlógadh trí Erasmus+ agus tríd an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach chun foghlaim agus fiontraíocht a chur chun cinn

agus feabhas a chur ar scileanna daoine óga, ar oideachas fhoirmiúil, neamhfhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil agus infhostaitheacht, chomh maith le cuimsiú sóisialta a chur chun cinn ; á athdhearbhú gur gá a áirithiú go ráthaítear comhdheiseanna leis an dá chlár, agus béim ar leith á leagan ar dhaoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste ar fud an Aontais agus ar fud na dtíortha comhlachaithe; á chur in iúl go bhfuil sí fós den tuairim nach mór tuilleadh tacaíochta a thabhairt do dheontais soghluaisteachta in Erasmus+ chun na méaduithe ar chostais mhaireachtála a chumhdach agus chun inrochtaineacht, comhdheiseanna agus rannpháirtíocht chuimsitheach a áirithiú go háirithe tríd an deontas íosta in aghaidh an rannpháirtí a mhéadú go leibhéal iomchuí;

18. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus á iarraidh ar an gCoimisiún tús a chur le machnamh ar mhodheolaíocht chun caiteachas sóisialta i mbuiséad an Aontais a rianú faoin gcéad chlárthréimhse eile; á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ríthábhachtach ag buiséad an Aontais maidir le rannchuidiú le tionscnaimh lena dtreisítear an t-idirphlé sóisialta agus lena neartaítear gníomhaíochtaí sóisialta áitiúla agus réigiúnacha agus lena gcuirtear rochtain ar phríomhsheirbhísí ríthábhachtacha ar fáil do chách; á athdhearbhú go bhfuil gá le straitéis Eorpach do dhaoine scothaosta, le gníomhaíochtaí sonracha chun imeallú, uaigneas agus leithlisiú a chomhrac; á mheabhrú, thairis sin, gur gá straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas 2021-2030 a chur chun feidhme go hiomlán chun a ndálaí maireachtála san Aontas a fheabhsú; ag leagan béim ar chás na dtarlóirí Eorpacha a bhfuil dúshláin éagsúla os a gcomhair i ngach Ballstát, idir chostais atá ag dul i méid agus ghanntanas acmhainneachta, agus an gá atá le solúbthacht agus dálaí oibre níos fearr; á chur i bhfáth gur gá na rialacha atá ann cheana maidir lena gcosaint a atreisiú agus acmhainní breise a leithdháileadh chun faireachán a dhéanamh ar dhálaí oibre ar fud na mBallstát; ag cur béim, ina leith sin, ar na tairbhí a bhaineann le huirlisí TF a fhorbairt ar leibhéal an Aontais lena gcuidítear le feabhas a chur ar chur chun feidhme na gceanglas maorlathach agus ar chaighdeánú deimhnithe;

19. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit acmhainní leormhaithe a leithdháileadh chun rialacha AE maidir le comhordú na slándála sóisialta a chur chun feidhme go héifeachtach chun soghluaisteacht an lucht saothair agus aistriú níos éasca sochar slándála sóisialta a éascú; á iarraidh go n-úsáidfí cistí AE chun an Córas um Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta a fhorbairt agus chun tacú le digitiú breise na gcóras slándála sóisialta ar mhaithe le soghluaisteacht chothrom an lucht saothair;

20. á aithint go bhfuil an teicneolaíocht agus an intleacht shaorga (IS) ag athrú thírdhreach na fostaíochta go tapa; á thabhairt chun suntais gur féidir le teicneolaíochtaí iontaofa IS duinelárnacha a bheith ina gcúis le fás eacnamaíoch na hEorpa agus, ag an am céanna, feabhas a chur ar shaol na saoránach i roinnt réimsí amhail an tsláinte, an talmhaíocht, an fuinneamh, an t-iompar agus an tslándáil; á iarraidh go léireofaí é sin i gcláir agus i mbeartais AE trí acmhainní leormhaithe airgeadais a leithdháileadh; á chur i bhfáth gur gá feabhas a chur ar bhunscileanna digiteacha na saoránach chun freastal ar riachtanais cuideachtaí agus chun na saoránaigh a ullmhú i gcoinne na bréagaisnéise; ag tacú le bearta an Aontais lena gcomhlánaítear na straitéisí náisiúnta fostaíochta le haghaidh ath-thiontú post agus soghluaisteacht ar leibhéal an Aontais ar bhealach comhordaithe, lena nglactar le hacmhainneacht na n-athruithe sin le haghaidh lucht saothair rathúil agus inoiriúnaithe lena n-áirítear trí athsciliú post agus soghluaisteacht a chothú, agus ar an gcaoi sin aistriú rianúil chuig earnálacha post nua agus post atá ag teacht chun cinn a

áirithiú;

21. á chur in iúl gur cúis mhór imní di an méadú atá ag teacht ar líon na n-eachtraí adhaimsire, amhail dóiteáin thromchúiseacha, tuilte agus tubaistí nádúrtha eile a bhaineann leis an athrú aeráide atá ag dul in olcas ar fud na hEorpa; á thabhairt chun suntais, dá bhrí sin, gur gá cistiú leordhóthanach a áirithiú do shásra an Aontais um chosaint shibhialta agus á iarraidh go ndéanfaí acmhainneachtaí freagartha éigeandála an Aontais a chomhdhlúthú ar bhealach níos fearr trí na foirne comhpháirteacha leighis agus idirghabhála éigeandála a neartú; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú gur féidir acmhainní a chur ar fáil go tapa freisin trí CDAE agus trí Cúlchiste um Chabhair Éigeandála;

22. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cistiú iomchuí a leithdháileadh ar na gníomhaíochtaí a leagtar síos i Rialachán EU4Health; ag aithint go bhfuil tionchar mór ag praghas na gcógas agus na dteicneolaíochtaí sláinte ar chumas na n-othar rochtain a fháil orthu; á chur i bhfáth gur fíorbhacainn ar chóireáil iad costais leighis neamh-inacmhainne agus á iarraidh go gcuirfí bearta sonracha chun feidhme chun dul i ngleic leis na dúshláin sin;

    á iarraidh ina leith sin go ndéanfaí comhordú níos fearr ar leibhéal AE agus soláthar comhpháirteach cógas chun costais a laghdú; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé dul i ngleic le galair leanaí agus béim ar leith á leagan ar ghalair neamhchoitianta; á chur i bhfáth, go háirithe, a thábhachtaí atá an Plean Sáraithe Ailse; á iarraidh go mbeadh buiséad uaillmhianach ann don Bhraisle Sláinte sa chlár Fís Eorpach chun a áirithiú gur féidir leis an Aontas freagairt go héifeachtach ar ghéarchéimeanna sláinte a bheidh ann amach anseo, cabhrú le córais sláinte a neartú agus feabhas a chur ar shláinte fhisiciúil agus mheabhrach na ndaoine trí chúram sláinte a dhéanamh níos inacmhainne agus níos inrochtana; ag aithint gurb é an galar cardashoithíoch an phríomhchúis bháis in AE i gcónaí; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar ghalar cardashoithíoch trí infheistíocht a dhéanamh i ngníomhaíochtaí atá dírithe ar leigheas pearsantaithe agus ar r-Shláinte toisc go méadófar leis sin na caighdeáin maidir le cosc agus cóireáil, agus go mbeidh rochtain chomhionann ag gach saoránach ar chúram sláinte mar gheall air sin; á chur i bhfios go láidir gur gá cosc a chur ar ghanntanais cógas i roinnt Ballstát le blianta beaga anuas; á aithint gur gá neamhionannais sláinte a laghdú chun sláinte chothrom a chur ar fáil do gach bean, lena n-áirítear rochtain ar shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe, agus á mheabhrú go bhfuil sé ríthábhachtach go leanfaidh sláinte na mban de bheith ina tosaíocht beartais agus taighde;

23. á mheabhrú gur gá dul i ngleic leis an easnamh scileanna, leis an tsaincheist maidir le himirce daoine oilte agus leis an gcomhghaol idir riachtanais agus scileanna an mhargaidh, go háirithe i gcomhthéacs na staide i réigiúin éagsúla AE;

    á mheas, chun go leanfaidh lucht saothair AE de bheith iomaíoch amach anseo, go bhfuil gá le príomhréimsí oiliúna agus athscilithe a shainiú, go háirithe chun scileanna glasa agus digiteacha a chur chun cinn;

    á chur i bhfáth go bhfuil gá le tuilleadh infheistíochta chun córais oideachais an Aontais a nuachóiriú, scéimeanna chun cur leis an tallann a chruthú agus fiontraithe óga a dhreasú; á iarraidh go gcuirfí dlús le cur chun feidhme na Bliana Eorpaí Scileanna agus

an Limistéir Eorpaigh Oideachais; á iarraidh ar an gCoimisiún na réitigh a sainaithníodh a bheith ríthábhachtach le linn Bhliain Eorpach na Scileanna a chur chun feidhme go pras, agus béim á leagan ar an ngá atá le comhar níos fearr le cuideachtaí, lena n-áirítear tástáil óige AE agus intéirneachtaí neamhíoctha a thoirmeasc;

ag leanúint as na moltaí a glacadh sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, á mheabhrú a thábhachtaí atá sé plean oideachais Eorpach a bhunú le hacmhainní airgeadais chun tacú le hoideachas ar ardchaighdeán agus le hoiliúint múinteoirí, agus chun rátaí luathfhágála na scoile a laghdú;

24. ag cur béim ar an mbreisluach a bhaineann le cláir chistiúcháin i réimsí an daonlathais agus na gceart agus na luachanna, á mheabhrú a thábhachtaí atá buiséad AE maidir le luachanna Eorpacha a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, cultúr agus cearta na saoránach a chur chun cinn agus sochaithe athléimneacha a thógáil, agus tacú le príomhphrionsabail an daonlathais, an smachta reachta, na dlúthpháirtíochta, na cuimsitheachta, an cheartais, an neamh-idirdhealaithe agus an chomhionannais lena n-áirítear comhionannas inscne; á chur in iúl gur mian léi go neartófaí na línte agus na comhlachtaí buiséid ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar pholarú, ar mhéadú an antoisceachais pholaitiúil, ar mhuinín íseal institiúideach, ar chothú an daonlathais rannpháirtíochta, ar chearta bunúsacha a chur chun cinn, ar chúlú daonlathach a chosc, ar chreimeadh an smachta reachta, ar an laghdú spáis d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag obair sa réimse sin ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus ar ionstraimiú an Eoraisceiptachais; á iarraidh go n-áiritheofar cistí leordhóthanacha AE don Chlár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV), ag cur béim ar an obair luachmhar a dhéantar faoin tsraith Luachanna an Aontais, lena gcuirtear cistiú díreach ar fáil d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chomh maith le Daphne agus Comhionannas agus Cearta; á athdhearbhú gur cheart na hacmhainní is gá a dhíriú ar fhoréigean inscnebhunaithe a chomhrac agus ar thacú le cearta agus rochtain ar sheirbhísí sábháilte sláinte gnéis agus atáirgthe, ar eagraíochtaí chearta na mban, chomh maith le tionscnaimh agus comhlachtaí AE a théann i ngleic le hidirdhealú in aghaidh na mban; á iarraidh ar an gCoimisiún rochtain ar chlár CERV a éascú chomh maith leis an tsolúbthacht sa phróiseas athdheonaithe ag oibreoirí sna Ballstáit a ráthú d'eagraíochtaí áitiúla agus pobail, chun a áirithiú go sroichfidh an cistiú na daoine is gaire do na saoránaigh;

25. á iarraidh ar an gCoimisiún tacaíocht an Aontais a mhéadú chun saoránaigh, mionlaigh agus pobail reiligiúnacha agus spásanna poiblí a chosaint ar bhagairtí sceimhlitheoireachta, chun an radacú agus ábhar sceimhlitheoireachta ar líne a chomhrac, agus chun cur i gcoinne an mhéadaithe ar an bhfuathchaint, ar an bhfrithsheimíteachas, ar an bhfuathchaint agus ar an gciníochas i gcoinne Moslamach ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain;

26. á thabhairt chun suntais go bhfuil méadú ag teacht ar na bagairtí agus na contúirtí a bhaineann le feachtais bhréagaisnéise eagraithe agus spriocdhírithe i gcoinne an Aontais Eorpaigh ag geallsealbhóirí eachtracha; á iarraidh cistiú le haghaidh Fís Eorpach agus gníomhaíochtaí faoi bhainistíocht an Choimisiúin agus SEGS chun leathadh na bréagaisnéise ar mhórscála a chomhrac agus frithbhearta níos éifeachtaí a fhorbairt; á iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit cistí AE a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí atá dírithe ar litearthacht sna meáin a mhéadú i measc na saoránach; á iarraidh go

mbeadh cistiú méadaithe ann chun an fhuathchaint agus ábhar sceimhlitheoireachta ar líne a chomhrac; á chur i bhfios go láidir gur gá saoirse iriseoireachta agus iolrachas na meán a neartú trí acmhainní leormhaithe, i gcomhréir le rialacháin ábhartha, agus tacú le hiriseoirí, lena n-áirítear iriseoirí iniúchacha, cosantóirí chearta an duine agus comhaltaí den tsochaí shibhialta a mbíonn gníomhaíochtaí díoltais rompu amhail cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí (SLAPPanna); á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht leordhóthanach d’earnáil an chultúir, lena n-áirítear chun cúrsaíocht thrasteorann scannán, ceoil agus físchluichí Eorpacha a chur chun cinn; á iarraidh, dá bhrí sin, go méadófaí maoiniú do chlár Eoraip na Cruthaitheachta;

***Buiséad lena mbaintear amach tosaíochtaí straitéiseacha***

27. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé spleáchais straitéiseacha an Aontais a laghdú sna príomhearnálacha; á chur in iúl gur geal léi rialachán nua STEP ach á chur i bhfios go bhfuil gá le freagairt struchtúrach ar riachtanais infheistíochta na dtionscal straitéiseach chun gur fusa teicneolaíochtaí ceannródaíocha a shainaithint, a fhorbairt agus a mhéadú; á chur in iúl gur oth léi nach leor i ndáil leis sin an leibhéal cistiúcháin atá ag Fís Eorpach faoi láthair agus á iarraidh go mbeidh cistiú méadaithe ann d’Fhís Eorpach agus do phríomhchláir eile de chuid an Aontais sa réimse sin, amhail InvestEU, chun an sprioc maidir le neamhspleáchas straitéiseach oscailte a bhaint amach; á mheas gur ábhar imní atá ag dul i méid é spleáchas AE ar sholáthar acmhainní; á iarraidh go ndéanfadh AE tuilleadh infheistíochta chun a neamhspleáchas straitéiseach oscailte a fhorbairt trí dhlús a chur le fuinneamh in-athnuaite, próisis cheadaithe níos tapúla, dícharbónú foirgneamh, rochtain ar amhábhair chriticiúla agus slabhraí luacha athléimneacha a fhorbairt d’éiceachórais thionsclaíocha AE go háirithe i bpríomhréimsí amhail sláinte agus cosaint; ag iarraidh cistiú leormhaith a bheith ann chun a áirithiú go ndéanfar forbairt leanúnach ar na cláir shuaitheanta Eorpacha atá ann faoi láthair in earnáil an spáis, lena n-áirítear Copernicus, Galileo/EGNOS, an tionscnamh Eorpach um chumarsáid satailíte (GOVSATCOM) agus maidir le Feasacht Staide an Spáis (SSA);

28. á áitiú go gcuireann an t-aistriú digiteach go leor deiseanna ar fáil chun feabhas a chur ar an mbonneagar digiteach agus ar an nascacht dhigiteach agus chun scileanna digiteacha a fhorbairt; á chur i bhfios a thábhachtaí atá an clár don Eoraip Dhigiteach (CED) agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE-Digital) chomh maith leis an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach i ndáil leis sin; á athdhearbhú go bhfuil gá le clár oideachais IS, códaithe agus róbataice atá deartha do mhúinteoirí agus d’fhoghlaimeoirí, agus a mhaoinítear trí na cláir ábhartha; á chur i bhfios go láidir nach mór do bhuiséad AE tacú go leormhaith le húsáid eiticiúil agus neamh-idirdhealaitheach na hintleachta saorga, go háirithe in earnálacha an oideachais agus an chultúir; á mheabhrú gur gá do chláir arna maoiniú ag an Aontas tuilleadh infheistíochta a dhéanamh chun litearthacht dhigiteach sa tsochaí a fheabhsú agus chun an bhearna dhigiteach a dhúnadh, lena n-áirítear an bhearna dhigiteach idir na hinscní, san oideachas agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil;

29. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról lárnach ag buiséad an Aontais maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach agus dul i ngleic leis an athrú aeráide trí astaíochtaí a laghdú, úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú, geilleagar ciorclach a chruthú, éiceachórais a chosaint agus treocht scanrúil chailliúint na bithéagsúlachta a

aisiompú, agus an t-iomaíochas á chosaint agus poist ghlasa á gcruthú chomh maith leis an bhfás laistigh den Aontas;

á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról lárnach ag clár LIFE maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach, sprioc aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach, i gcomhréir le Dlí Aeráide AE agus le Comhaontú Pháras; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di tionchair thromchúiseacha an athraithe aeráide lena n-áirítear i bhfoirm ganntanas uisce;

30. á chur i bhfios go láidir, mar gheall ar imní faoi shlándáil an tsoláthair fuinnimh agus faoi phraghsanna arda fuinnimh, gur saincheist ríthábhachtach í an bhochtaineacht fuinnimh agus go bhfuil dúshláin ag baint léi do thionscal na hEorpa, go háirithe do FBManna; á chur i bhfáth, i ndáil leis an méid sin, gur gá borradh a chur faoi infheistíochtaí an Aontais d'aistriú leanúnach an Aontais chuig an aeráidneodracht, lena n-áirítear le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh, taighde agus nuálaíocht i dteicneolaíochtaí inbhuanaithe ísealcharbóin agus saor ó charbón, agus go háirithe i réimsí a bhfuil tionchar dearfach acu ar na costais mhaireachtála do theaghlaigh a laghdú, amhail éifeachtúlacht fuinnimh d'fhoirgnimh a fheabhsú, agus foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur in úsáid; ag tabhairt dá haire go bhfuil gá le hinfheistíocht ollmhór chun an t-iompar a dhícharbónú agus go bhfuil praghsanna tógála agus amhábhair ag dul i méid i gcónaí; ag aithint luach straitéiseach TEN-T a leathnú chuig comharsanacht an oirthir agus nascacht níos láidre le comhpháirtithe straitéiseacha an Aontais; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá clár SCE-Iompar agus an ról dearfach atá aige chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais agus an t-aistriú chuig fuinneamh glan a bhaint amach;

31. á chur i bhfios go láidir nach mór buiséad 2025 a ailíniú le cuspóirí agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hobair leanúnach chun na spriocanna príomhshruthaithe aeráide agus bithéagsúlachta a bhaint amach do chaiteachas bhuiséad an Aontais a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach, mar chuid den aidhm níos leithne an tAontas a dhéanamh neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050 ar a dhéanaí; ag meabhrú na forála sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le bearta ábhartha atá le déanamh a shainaithint i gcás ina léiríonn an stocáireamh tréimhsiúil nach leor an dul chun cinn atá déanta i dtreo na spriocanna is infheidhme a bhaint amach; á chur in iúl gur cúis bhuartha di measúnú an Choimisiúin gur dócha nach mbainfear amach an sprioc 10 % do chaiteachas a bhaineann leis an mbithéagsúlacht in 2026 agus 2027 agus nach bhfuil bealach soiléir ann i dtreo na spriocanna comhaontaithe a bhaint amach; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus bearta ceartaitheacha riachtanacha a dhéanamh nuair is gá;

32. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an Tionscnamh Uirbeach Eorpach agus a chistiú leomhaith chun a chuspóirí uile a chomhlíonadh; á iarraidh go mbeadh cistiú níos dírí ann d'údaráis áitiúla chun a bhfothú acmhainneachta, a dtacaíocht theicniúil agus a malartú dea-chleachtas a neartú; á iarraidh go neartófaí acmhainní do ghníomhaireachtaí ábhartha, nach mór dóibh freagairt don ualach oibre a eascraíonn as clár oibre an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, go háirithe an pacáiste 'Oiriúnach do 55';

33. ag cur béim ar rannchuidiú bunriachtanach na bhfeirmeoirí agus na n-iascairí leis an

tsochaí agus á chur i bhfios go láidir, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá an comhbheartas talmhaíochta (CBT) agus an comhbheartas iascaigh don tslándáil bia agus neamhspleáchas níos fearr AE i dtáirgeadh bia ar ardchaighdeán; ag cur béim ar ról CBT maidir le hioncam inbhuanaithe agus cuibhiúil a áirithiú d'fheirmeoirí AE, go háirithe feirmeoirí beaga agus óga; á iarraidh go ndéanfaí bearta nithiúla chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna mhíshástacht na bhfeirmeoirí ar fud an Aontais agus á iarraidh go háirithe go mbeadh acmhainní agus bearta láithreacha ann chun cabhrú le feirmeoirí déileáil le tionchar an bhoilscithe, na gcostas breosla, na gcaighdeán táirgthe nua agus na n-athruithe sa mhargadh domhanda bia; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá cabhrú le feirmeoirí nua agus óga, agus ar an gcaoi sin athnuachan glúine a áirithiú, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar ghanntanais saothair agus scileanna san earnáil agraibhia; á chur i bhfios go bhfuil go leor dúshlán roimh fheirmeoirí na hEorpa, go háirithe ró-mhaorlathas agus ualach riaracháin, méadú ar fhorluí rialála, ganntanais, chomh maith le dálaí oibre deacra; á chur i bhfáth gur gá aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar an tionchar atá ag minicíocht agus déine mhéadaitheach na dtuilte, na dtriomach agus na bhfalscaithe ar na hearnálacha trí bhearta tacaíochta tiomnaithe; á iarraidh go mbeadh ioncam leormhaith ann do gach duine sna hearnálacha talmhaíochta; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le tacaíocht iomchuí don taighde agus don nuálaíocht, agus go n-urramófaí caighdeáin saothair, chomh maith le hinfheistíochtaí iomchuí chun foinsí malartacha ioncaim a thairiscint, agus chun an t-aistriú i dtreo córas bia níos inbhuanaithe agus níos inacmhainne a éascú, go háirithe tríd an nuálaíocht, ioncam feirmeoirí a chaomhnú, agus cás á sheachaint ag an am céanna ina mbeadh ar fheirmeoirí Eorpacha aghaidh a thabhairt ar iomaíocht éagórach ó allmhairí nach gcomhlíonann ár gcaighdeáin; ag dréim leis go dtabharfar aghaidh san idirphlé straitéiseach maidir le todhchaí na talmhaíochta ar na saincheisteanna ábhartha uile, lena n-áirítear gnéithe coisctheacha;

34. á athdhearbhú gur cheart cláir, beartais agus gníomhaíochtaí uile AE a chur chun feidhme ar bhealach lena gcuirtear comhionannas inscne chun cinn agus a gcuspóirí á mbaint amach acu; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, obair an Choimisiúin maidir le buiséadú inscne agus ag cur béim ar an ngá le forbairt bhreise a dhéanamh ar a modheolaíocht chun tionchar inscne chaiteachas an Aontais a thomhas mar a leagtar amach sa Chomhaontú Idirinstitiúideach é; á iarraidh ar an gCoimisiún torthaí na modheolaíochta sin do bhuiséad 2025 a léiriú, mar aon le bailiú, tuairisciú agus meastóireacht chórasach sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de;

***Buiséad a bheidh oiriúnach don todhchaí le haghaidh domhan atá ag athrú***

35. á athdhearbhú gur gá beartas imirce agus tearmainn a chur chun feidhme atá bunaithe ar dhlúthpháirtíocht, ar fhreagracht chomhroinnte agus ar urraim do chearta an duine i gcomhréir le luachanna an Aontais agus le gealltanais idirnáisiúnta; á chur i bhfáth go bhfuil bainistiú agus cosaint éifeachtach, dhaonnachtúil agus chothrom theorainneacha seachtracha an Aontais ríthábhachtach chun slándáil an Aontais a áirithiú, chun cur chun feidhme rianúil agus éifeachtúil bheartas imirce agus tearmainn an Aontais a ráthú, go háirithe chun ullmhú do chur i bhfeidhm an Chomhshocraithe nua maidir le hImirce agus Tearmann lena n-áirítear maidir le nósanna imeachta éifeachtacha, sábháilte agus díniteacha maidir le glacadh, lánpháirtiú agus filleadh agus athligean isteach atá éifeachtach, sábháilte agus díniteach; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) agus

ag an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (BMVI) i ndáil leis sin; á mheabhrú gur gá saorghluaiseacht daoine laistigh den Aontas a chaomhnú; á mheabhrú go mbeidh an Rómáin agus an Bhulgáir istigh i limistéar taistil Schengen gan teorainneacha na hEorpa faoi mhí an Mhárta 2024 agus á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé aontachas iomlán a thabhairt chun críche agus a oibríochtú go práinneach, lena n-áirítear naisc talún agus traenacha; á chur in iúl go bhféachfaidh sí leis na hinfhaighteachtaí i mbuiséad 2025 a uasmhéadú chun na gcríoch sin; á mheas nach mór do AE oibriú go dlúth lena chomharsana agus le tríú tíortha tionscnaimh agus idirthurais chun borradh a chur faoi fhorbairt chobhsaí, inbhuanaithe agus chuimsitheach agus chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce, agus ar an gcaoi sin cosc a chur ar imirce neamhrialta agus daoine leochaileacha a chosaint ar líonraí smuigleála agus gáinneála, chomh maith le bás ar muir; ag cur béim go háirithe ar fhreagrachtaí méadaitheacha na ngníomhaireachtaí atá i gceannas ar fhaireachas agus bainistiú teorainneacha, tacaú leis na Ballstáit agus a gcúraimí faoin gComhchóras Eorpach Tearmainn á gcur i gcrích acu agus cearta bunúsacha á gcomhlíonadh acu; á chur i bhfáth go bhfuil gá le cistiú, foireann agus oiliúint foirne leormhaith do na gníomhaireachtaí uile a oibríonn i réimsí na slándála, an cheartais, fhorfheidhmiú an dlí, an tearmainn agus na himirce chomh maith le bainistiú teorainneacha chun go mbeidh siad in ann a sainordú a chomhlíonadh; á iarraidh go ndíreofar go háirithe ar chórais mhórscála TF AE a chur chun feidhme agus a bhainistiú go cruinn, ar córais iad a rannchuidíonn le tírdhreach slándála an Aontais;

36. á chur i bhfáth go bhfuil an timpeallacht slándála mórthimpeall ar an Aontas fós an-luaineach;  ag leanúint de bhéim láidir a chur ar chumais slándála agus cosanta na hEorpa chun freagairt níos fearr a thabhairt ar na dúshláin gheopholaitiúla nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo; á chreidiúint go bhfuil buiséad AE ríthábhachtach i gcomhthéacs comhstraitéis cosanta de chuid an Aontais agus comhordú neartaithe slándála agus cosanta idir na Ballstáit; á chur in iúl gur mian léi a chláir is rathúla agus is ábhartha amhail an Ciste Eorpach Cosanta agus a ghníomhaireachtaí a threisiú chun borradh a chur faoi cheannasacht na hEorpa; á chur in iúl gur mian léi béim a leagan ar shineirgí agus éifeachtúlacht infheistíochtaí ar leibhéal an Aontais i réimse na cosanta, go háirithe i réimse na soghluaisteachta míleata, chosaint agus idir-inoibritheacht an bhonneagair; á chur i bhfios go láidir a riachtanaí atá sé aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail an bhréagaisnéis mar dhúshlán polaitiúil agus slándála atá ag dul i méid, go háirithe tar éis chogadh na Rúise ar an Úcráin, cibearchoireacht nó coireacht eagraithe a bhfuil gné thrasteorann ag baint léi;

37. á athdhearbhú go gcáineann sí cogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus á chur i bhfáth go bhfuil cogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine tar éis cogadh a chur ar ais chuig comharsanacht an Aontais Eorpaigh agus go bhfuil tionchar aige ar shlabhraí soláthair, ar thrádáil agus ar chaidreamh eacnamaíoch; á athdhearbhú go dtacaíonn sí go hiomlán leis an Úcráin sa chomhrac ar son a saoirse agus a daonlathais; á chur in iúl gur saoth léi an tionchar uafásach ar an saol, ar fhulaingt Phobal na hÚcráine, agus ar na hiarmhairtí suntasacha eacnamaíocha agus sóisialta atá ann do mhuintir na hEorpa mar gheall ar chogadh foghach na Rúise gan chúis gan údar; á mheas gur cheart go rannchuideodh buiséad 2025 le tionchar na géarchéime costais maireachtála agus an bhoilscithe a mhaolú; á mheabhrú go bhfuil Ballstáit áirithe, go háirithe Ballstáit túslíne, agus earnálacha leochaileacha den gheilleagar, fós neamhchosanta go háirithe ar iarmhairtí chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus go bhfuil tacaíocht

tuillte acu i réimsí amhail talmhaíocht nó bonneagar, ach freisin an tsoghluaisteacht mhíleata de mheon dlúthpháirtíochta AE;

38. á chur in iúl go bhfuil rún daingean aici i gcónaí cabhair agus tacaíocht a thabhairt don Úcráin tríd an tSaoráid don Úcráin atá beartaithe, lena gcuirfear tacaíocht ar fáil i bhfoirm deontais agus iasachtaí le haghaidh dheisiú, théarnamh agus atógáil na hÚcráine, cúnamh macra-airgeadais, cóineasú aníos institiúideach, sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil agus infheistíochtaí poiblí, chomh maith lena conair aontachais leis an Aontas; á chur i bhfáth a phráinní atá sé an tacaíocht don Úcráin agus na hiarrachtaí atógála a chomhcheangal le próiseas cuiditheach réamhaontachais lena gcothaítear athchóirithe agus gluaiseacht fhorchéimnitheach i dtreo *acquis* AE; á mheabhrú nach gcumhdófar cabhair dhaonnúil don Úcráin leis an tSaoráid agus, dá bhrí sin, á chur i bhfios go láidir go mbeidh gá le hacmhainní leordhóthanacha le haghaidh cabhair dhaonnúil a chur ar fáil sa chomhthéacs sin freisin i mBuiséad 2025;

39. á mheas go bhfuil tacaíocht do thíortha na mBalcán Thiar fós tábhachtach i bhfianaise mhéadú AE agus á chur in iúl gur geal léi Plean nua Fáis an Choimisiúin do na Balcáin Thiar mar chéim mhaith chun tacú tuilleadh le tíortha na mBalcán Thiar i gcóineasú eacnamaíoch le margadh aonair AE; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá tacaíocht leanúnach do thíortha is iarrthóirí chun na hathchóirithe riachtanacha a bhaineann le haontachas a chur chun feidhme, go háirithe maidir leis an smacht reachta, an frithéilliú agus an daonlathas agus maidir lena n-athléimneacht a fheabhsú agus bagairtí hibrideacha a chosc agus a chomhrac;

40. á chur in iúl gur geal léi an cinneadh chun stádas mar thír is iarrthóir a thabhairt don Úcráin agus do Phoblacht na Moldóive agus á áitiú gur gá na cistí is gá a úsáid chun tacú lena bpróiseas aontachais; á chur i bhfáth gur cheart don leithdháileadh don Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) agus do línte buiséid ábhartha faoi NDICI - an Eoraip Dhomhanda in 2025 an comhar leis an Moldóiv agus leis an tSeoirsia a spreagadh i gcomhréir leis an gcomhaontú maidir le hathbhreithniú CAI;

41. á chur i bhfios go láidir gur ionstraim ríthábhachtach í an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) – An Eoraip Dhomhanda do sheasamh an Aontais mar phríomhchumhacht dhomhanda agus chun a ról mar fhórsa cobhsaíochta síochánta ar fud an domhain a chomhlíonadh, agus ar an gcaoi sin leasanna geopholaitiúla an Aontais sa domhan a threisiú; ag tathant go bhfuil a chúlchiste airgeadais ídithe agus gur cheart go mbainfeadh sé tairbhe as athneartuithe práinneacha;

42. á thabhairt chun suntais, thairis sin, a thábhachtaí atá clár NDICI maidir le tacaíocht a thabhairt do dhúshláin dhomhanda, maidir le cearta an duine, saoirsí agus an daonlathas a chur chun cinn, agus maidir le fothú acmhainneachta eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus maidir le gealltanais idirnáisiúnta aeráide agus bithéagsúlachta an Aontais a bhaint amach, laistigh de chóras cuimsitheach faireacháin agus rialaithe;

43. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé línte Chomharsanacht an Deiscirt agus an Oirthir a threisiú chun tacú le hathchóirithe polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta sna réigiúin, chun cúnamh a chur ar fáil do dhídeanaithe, go háirithe trí chistiú leanúnach, treisithe agus intuartha a áirithiú do na gníomhaithe agus do na gníomhaireachtaí ábhartha atá i

gcomhréir le leibhéal na riachtanas atá ann na daoine ar an láthair a shroicheadh trí shásra dáilte stuama i gcomhréir go hiomlán le rialacha AE chun cosc a chur ar úsáid neamhdhleathach cistí Eorpacha;

44. á mheabhrú go bhfuil cabhair dhaonnúil AE do shibhialtaigh atá go mór i ngátar fíor-riachtanach agus go gcuireann sé le cobhsaíocht agus síocháin a chothú sna réigiúin atá buailte agus nach mór soláthar seirbhísí bunúsacha agus cúnaimh dhaonnúil a bhfuil géarghá leo a ráthú agus gan bac a chur air i gcomhréir le rialuithe idirnáisiúnta, in éineacht leis na gnáthnósanna imeachta scagtha agus faireacháin; ag dréim leis go dtiocfaidh méadú breise ar riachtanais airgeadais na cabhrach daonnúla mar thoradh ar chogaí, ar éagobhsaíocht gheopholaitiúil atá ag dul i méid, ar an bhfíorbhochtaineacht leanúnach agus ar thubaistí nádúrtha níos minice; á mheas, bunaithe ar na toimhdí sin, go mbeidh ar AE an chabhair dhaonnúil a threisiú go suntasach chun freagairt ar na riachtanais threisithe ar an láthair, go háirithe do na daoine atá i ngátar i réigiún an Mheánoirthir;

45. á athdhearbhú go gcáineann sí go soiléir na hionsaithe sceimhlitheoireachta brúidiúla a rinne Hamas i gcoinne Iosrael agus a mhuintir an 7 Deireadh Fómhair agus á chur in iúl gur cúis bhróin di na híospartaigh neamhchiontacha ar an dá thaobh; á chur i bhfios go láidir nach mór leanúint de thacaíocht a chur ar fáil le buiséad an Aontais chun síocháin agus cobhsaíocht a chothú sa réigiún, fuath, antoisceachas polaitiúil agus bunúsaíochas a chomhrac agus cearta an duine a chur chun cinn;

46. ag meabhrú a rúin a glacadh an 18 Eanáir 2024 ina n-aithnítear ról Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le Dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNRWA), atá ag cur dídean ar fáil faoi láthair do bhreis agus milliún duine atá easáitithe ina dtír féin agus atá ar an ardán is mó chun cúnamh daonnúil a chur ar fáil do dhaonra Stráice Gaza, áit a bhfuil dálaí daonnúla atá ag dul in olcas i ndán don daonra ar fad, lena n-áirítear ganntanas dídine, uisce glan, bia agus cúnamh leighis; á athdhearbhú, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá cistiú leanúnach intuartha ón Aontas; á chur in iúl gur geal léi gur sheol na Náisiúin Aontaithe imscrúdú gan mhoill, tar éis na líomhaintí tromchúiseacha maidir le daoine aonair a bhí mar chuid d’fhoireann UNRWA ar airbheartaíodh go raibh baint acu leis na hionsaithe sceimhlitheoireachta i gcoinne Iosrael an 7 Deireadh Fómhair, agus an fhaisnéis a chuir an ghníomhaireacht ar fáil agus na gníomhaíochtaí prasa a rinne sí, go háirithe chun deireadh a chur láithreach leis na conarthaí atá ann cheana; ag tabhairt dá haire gur iarr an Coimisiún go ndéanfaí iniúchadh seachtrach a athbhreithniú, ar an gcaoi sin, ar an gcolún-mheasúnú ar chórais rialaithe na Náisiún Aontaithe, arna chomhaontú ag UNRWA; ag tacú leis na córais rialaithe, faireacháin agus grinnscrúdaithe arna gcur chun feidhme ag an gCoimisiún ag meabhrú nach mór d’úsáid chistí AE ag tairbhithe rialacha agus coimircí AE agus an dlí idirnáisiúnta a urramú; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, gur thángthas ar an gconclúid in athbhreithniú an Choimisiúin ar chabhair AE don Phalaistín go n-oibríonn na rialuithe agus na coimircí éifeachtacha atá ann cheana go maith agus nár aimsíodh aon fhianaise go dtí seo gur atreoraíodh airgead chun críoch neamhbheartaithe, agus gur ann do mheasúnú riosca agus do na bearta breise gaolmhara;

***Borradh a chur faoi chur chun feidhme na gclár***

47. á mheabhrú go dtacaíonn an Pharlaimint go hiomlán leis an mbeartas comhtháthaithe maidir le tosaíochtaí beartais AE a bhaint amach agus borradh a chur faoi gheilleagar AE trí rannchuidiú le fás agus forbairt chothrom, chuimsitheach agus inbhuanaithe, trí chóineasú eacnamaíoch agus sóisialta a chur chun cinn idir na Ballstáit agus a réigiúin, trí thacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus trí nuálaíocht agus fostaíocht a chothú; á athdhearbhú go gcreideann sí go láidir nach féidir cuspóirí an bheartais chomhtháthaithe a bhaint amach ach amháin má théitear i ngleic le moilleanna ar chur i bhfeidhm na gclár mar ábhar práinne; á mheas go mbeadh cur chuige den sórt sin maidir le dlús a chur le hionsú agus le cur chun feidhme ar an mbealach is éifeachtaí chun breisluach chaiteachas AE a dhéanamh infheicthe agus inbhraite do mhuintir AE; á mheabhrú go bhfuil gá le cúnamh teicniúil méadaithe chun acmhainneachtaí ionsúcháin na mBallstát a chur chun cinn tuilleadh;

48. á chur i bhfáth go gcaithfidh cistí buiséid AE dul i dteagmháil le saoránaigh agus FBManna AE; á mheabhrú go bhfuil simpliú nósanna imeachta riaracháin, suíomhanna gréasáin agus tairseacha atá soláimhsithe agus cuimsitheach, laghdú an rómhaorlathais agus cruthú ionad ilfhreastail bunriachtanach chun go mbeidh rochtain níos fearr ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha, ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ag fiontraithe óga agus ag FBManna ar chláir AE;

49. ag tathant ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún dlús a chur le cur chun feidhme na gclár oibríochtúil faoi chistí bainistíochta comhroinnte agus forghníomhú buiséadach tapa a áirithiú, go háirithe maidir le cistí comhtháthaithe; ag tabhairt dá haire gur cheart sciar na gcistí faoi chláir 2014-2020 nár úsáideadh a ath-leithdháileadh ar na Ballstáit chun leanúint d’éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú tuilleadh; á iarraidh go ndéanfar pleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go pras, lena n-áirítear meastóireacht ón gCoimisiún maidir leis an bpróiseas cur chun feidhme, bacainní agus torthaí; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go mbeidh géarchéim íocaíochta mar thoradh ar chur chun feidhme tearc, mura ndéanfar é a mhaolú go tapa, i.e. neamhréir riachtanas íocaíochta agus spás atá ar fáil faoi uasteorainn íocaíochta CAI in 2026 agus 2027;

50. á chreidiúint gur cheart go mbeadh feidhm ag dícheall cuí, cuntasacht agus urraim do luachanna an Aontais maidir le tairbhithe uile chistí AE agus comhpháirtithe cur chun feidhme, chun leasanna airgeadais AE a chosaint agus chun cur isteach míchuí a sheachaint, á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé go mbeadh comhlachtaí faireacháin agus rialaithe éifeachtacha agus críochnúla ann a nochtann, a imscrúdaíonn, a ionchúisítear agus a thugann chun ceartais coireanna i gcoinne leasanna airgeadais AE ós rud é go bhfaigheann AE glantoradh ollmhór as an airgead a chaitear ar an éilliú a chomhrac; á mheas, dá bhrí sin, gur cheart acmhainní leormhaithe a bheith ag na comhlachtaí sin agus foireann chuí a bheith acu chun a gcúraimí a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtaí; á chur i bhfios go láidir, ar an gcaoi chéanna, go bhfuil gá le maoirseacht leormhaith AE chun a áirithiú go n-oibreoidh an earnáil airgeadais ar mhaithe le saoránaigh agus tomhaltóirí; á éileamh, i bhfianaise earnáil airgeadais atá sláintiúil, cuimsitheach agus athléimneach, go ndéanfar na hacmhainní d’údaráis agus gníomhaireachtaí maoirseachta airgeadais na hEorpa, a bhfuil cúraimí maoirseachta orthu nó caighdeáin rialála theicniúla a fhorbairt ina leith sin, a choigeartú go hiomlán chun na cúraimí rialála nua uile a bhaineann le cur i gcrích na n-aidhmeanna beartais sin a chur i gcuntas;

51. á iarraidh go ndéanfadh na gníomhaithe uile lena mbaineann iarrachtaí breise chun cur chun feidhme tionscadail agus ionsú an chistithe incháilithe a threisiú agus, ar an gcaoi sin, an reste à liquider (RAL) neamhghnách a laghdú; á mheas gur cheart úsáid a bhaint as 2024 agus 2025 chun aon scrogaill a chuireann bac ar chur chun feidhme níos éifeachtaí a shainaithint agus a cheartú; á iarraidh go mbeidh acmhainní leordhóthanacha buiséid ann chun dlús a chur le cur chun feidhme na gclár trí fhothú acmhainneachta breise agus cúnamh teicniúil do na Ballstáit, go háirithe dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí méadaithe ionsúcháin acu lena n-áirítear do chistí RRF, chomh maith le bearta chun nósanna imeachta soláthair agus tairisceana atá cothrom, iomaíoch agus éifeachtúil a bhrostú chun borradh a chur faoi iarrachtaí cur chun feidhme;

52. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cumarsáid éifeachtach agus infheictheacht bheartais agus chláir an Aontais chun feasacht a mhúscailt maidir leis an mbreisluach a thugann AE do na saoránaigh, do ghnólachtaí agus do chomhpháirtithe; á iarraidh go n-áiritheofar leithdháiltí leormhaithe i ndáil leis sin;

53. á mheabhrú nach féidir cláir dhea-cheaptha a chur chun feidhme go cuí ach amháin le tacaíocht ó riarachán tiomnaithe; ag cur béim ar an obair bhunriachtanach a dhéanann comhlachtaí agus gníomhaireachtaí díláraithe agus á mheas nach mór foireann chuí a bheith acu agus acmhainní leordhóthanacha a bheith acu ionas gur féidir leo a gcúraimí a dhéanamh; ag cur béim ar an bhfíoras go bhforbraíonn a gcúraimí i gcomhréir le tosaíochtaí beartais, amhail na haistrithe glasa agus digiteacha, agus á chur i bhfáth nach mór acmhainní úra a bheith ag gabháil go comhréireach le freagrachtaí nua, chomh maith le síneadh a sainorduithe;

°

° °

54. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

## ANNEX: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT

Pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure, the rapporteur declares that he has received input from the following entities or persons in the preparation of the report, until the adoption thereof in committee:

| **Entity and/or person** |
|---|
| Europol - Edoardo Boggio, Liaison Officer in Brussels |
| European Public Prosecutor Office - Titus Poenaru, Counsellor for Interinstitutional Relations |
| Special Olympics - Christo Velkov, Vice President Strategic Development |
| European Trade Union Confederation - Esther Lynch, General Secretary |

The list above is drawn up under the exclusive responsibility of the rapporteur.

24.1.2024

## LITIR ÓN GCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACHTRACHA

An tUasal Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid

Ábhar: Tuairim ar na Treoirlínte do Bhuiséad 2025 - Roinn III (2023/2220(BUI))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta thuasluaite, iarradh ar an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha tuairim a chur faoi bhráid do Choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 28 Samhain 2023, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 23 Eanáir 2024[1]. Ag an gcruinniú sin, chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin.

Mise, le meas,

David McAllister

## MOLTAÍ

1. ag tabhairt dá haire go bhfuil formhór an chaiteachais ar ghníomhaíocht sheachtrach dírithe faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - an Eoraip Dhomhanda (NDICI-an Eoraip Dhomhanda) agus faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III); á athdhearbhú go bhfuil géarghá le cistiú a mhéadú, go háirithe sna réigiúin is mó ina bhfuil na riachtanais is mó; á iarraidh an athuair, dá bhrí

[1] Bhí na daoine seo a leanas i láthair ag an vótáil: David McAllister (Cathaoirleach), Željana Zovko (Leas-Chathaoirleach), Alexander Alexandrov Yordanov, Attila Ara-Kovács, Maria Arena, Petras Auštrevičius, Adam Bielan, Theresa Bielowski, Krzysztof Brejza, Reinhard Bütikofer, Włodzimierz Cimoszewicz, Özlem Demirel, Anna Fotyga, Michael Gahler, Giorgos Georgiou, Sunčana Glavak, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Christophe Grudler, Bernard Guetta, Márton Gyöngyösi, Arba Kokalari, Dietmar Köster, Andrius Kubilius, Georgios Kyrtsos, Ilhan Kyuchyuk, Jean-Lin Lacapelle, Katrin Langensiepen, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Leopoldo López Gil, Antonio López-Istúriz White, Karsten Lucke, Thierry Mariani, Erik Marquardt, Vangelis Meimarakis, Alessandra Moretti, Javier Nart, Matjaž Nemec, Juozas Olekas, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Thijs Reuten, Bert-Jan Ruissen, Christian Sagartz, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos Mounir Satouri, Jordi Solé, Tineke Strik, Dominik Tarczyński, Hermann Tertsch, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Mick Wallace, Isabel Wiseler-Lima, Tomáš Zdechovský, Bernhard Zimniok

sin, go ndéanfaí méadú suntasach ar Cheannteideal 6 chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla sa chomharsanacht, infheistíocht a dhéanamh i gcomhpháirtíochtaí agus seasamh geopholaitiúil an Aontais a neartú; á chur in iúl gur saoth léi nár tugadh athbhreithniú CAI chun críche agus á mheas nach leor é sin; á chur i bhfios go láidir a ríthábhachtaí atá cumarsáid níos láidre, níos aontaithe agus níos comhleanúnaí ó institiúidí AE maidir leis na cistí a chuireann an tAontas ar fáil;

2. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le hiarrachtaí leanúnacha chun riachtanais chistiúcháin láithreacha na hÚcráine a mhaoiniú, tar éis chogadh foghach na Rúise gan chúis gan údar; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, an tSaoráid don Úcráin do mhéid iomlán suas le EUR 50 billiún don tréimhse 2024 go 2027 agus ag tathant ar an gComhairle Eorpach teacht ar chomhaontú;

3. á athdhearbhú gur cheart leibhéal leordhóthanach cistiúcháin a choinneáil do Chomharsanacht an Deiscirt in 2025 chun tacú le hathchóirithe polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta sa réigiún; á thabhairt chun suntais go bhfuil géarghá leis an gcabhair dhaonnúil do shibhialtaigh Phalaistíneacha i stráice Gaza a mhéadú go mór mar gheall ar an ngéarchéim dhaonnúil atá ag titim amach, agus sásra dáilte stuama atá ag teacht go hiomlán le tosaíochtaí AE chun cosc a chur ar úsáid choiriúil cistí Eorpacha;

4. á áitiú go dtabharfaí tacaíocht airgeadais agus riaracháin leanúnach agus marthanach do na tíortha aontachais; á mheabhrú gur gá uasghrádú a dhéanamh ar na huirlisí aontachais atá ann cheana, ar a gcistiú agus ar a gcoinníollacht le sásra faireacháin feabhsaithe i ngach réimse a cuireadh i dtábhacht i dtuarascálacha meastóireachta AE le déanaí chun dlús a chur le claochlú agus dul chun cinn inbhuanaithe incriminteach na dtairbhithe i dtreo bhallraíocht AE, lena mbainfear amach comhlíonadh níos fearr noirm AE, agus aird chuí á tabhairt ar athchóirithe ar an smacht reachta, ar mhaithe le haontachas níos rianúla; á áitiú, sa chomhthéacs sin, go ndéanfaí athbhreithniú meántéarma ar IPA III, go méadófaí an tacaíocht a bhaineann le haontachas do na Balcáin Thiar agus go n-áireofaí an Mholdóiv agus an Úcráin i measc na dtairbhithe a bhaineann léi;

5. á chur i bhfios go láidir gur gá acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna a chur ar fáil do AS NEAR agus don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí chun an tsíocháin, an rathúnas, an tslándáil, agus luachanna agus leasanna AE ina chomharsanacht agus ar fud an domhain a chur chun cinn; agus a ngealltanais féin á gcomhlíonadh acu maidir le hionadaíocht chomhleanúnach agus úsáid éifeachtúil acmhainní; á mheabhrú gur cheart a gcaiteachas riaracháin a chumhdach faoi Cheannteideal 7.

25.1.2024

# LITIR ÓN GCOISTE UM FHORBAIRT

An tUasal Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar na Treoirlínte do Bhuiséad 2025 - Roinn III (2023/2220(BUI))

A Uasail Van Overtveldt, a chara,

Faoin nós imeachta thuasluaite, iarradh ar an gCoiste um Fhorbairt tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 28 Samhain 2023, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Fhorbairt breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Eanáir 2024. Ag an gcruinniú sin[1], chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Buiséid, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin.

Mise, le meas,

Tomas Tobé

[1] Seo a leanas na daoine a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: Pierrette Herzberger-Fofana (an chéad Leas-Chathaoirleach), Mercedes Bresso (an dara Leas-Chathaoirleach), Stéphane Bijoux (an tríú Leas-Chathaoirleach), Erik Marquardt (an ceathrú Leas-Chathaoirleach), Alessandra Basso, Hildegard Bentele, Dominique Bilde, Catherine Chabaud, Christophe Clergeau, Antoni Comín i Oliveres, Mónica Silvana González, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Karsten Lucke, Janina Ochojska, Eleni Stavrou, Riho Terras (le haghaidh Christian Sagartz de bhun Riail 209(7)), Miguel Urbán Crespo, Bernhard Zimniok and Carlos Zorrinho.

## MOLTAÍ

**Iarmhairtí ó athbhreithniú CAI ar bhuiséad an Aontais 2025**

1. ag athdhearbhú a hiarrata acmhainní a thabhairt don Aontas lena n-áiritheofar a ábharthacht i gcomhthéacs geopholaitiúil atá ag éirí níos casta agus a uaillmhianta a bheith ag teacht lena ghealltanais dhomhanda a eascraíonn as an gComhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt, as na SDGanna agus as spriocanna Chomhaontú Pháras;

2. á chur in iúl gur cúis bhuartha di, dá bhrí sin, go mbeidh buiséad 2025 mar thoradh ar chur chuige na mBallstát maidir leis an athbhreithniú ar CAI mar a leagtar amach i mbosca caibidlíochta CAI a thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí an 15 Nollaig 2023 nach gceadófar don Aontas a thionchar dearfach ar an leibhéal domhanda a chosaint, a thionchar geopholaitiúil a mhéadú, freagairt d'ionchais na dtíortha comhpháirtíochta agus a stádas mar chomhghuaillí iontaofa sa chomhar um fhorbairt a threisiú ná freastal ar na riachtanais dhaonnúla nach bhfacthas a leithéid riamh ar fud an domhain; á chur in iúl gur cúis mhór imní di go mbeidh athdháileadh ó línte buiséid lena gcothaítear comhar leis an Domhan Theas mar thoradh ar athbhreithniú den sórt sin; á athdhearbhú gur cúis imní di nach bhfuil an tionchar agus an infheictheacht chéanna ag an Aontas mar gheall ar thairiscintí malartacha arna ndéanamh ag an tSín agus ag an Rúis;

3. á mheabhrú go bhfuil an Pharlaimint ag moladh go comhsheasmhach go mbeadh acmhainneacht leordhóthanach AE ann chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thromchúiseacha dhomhanda agus go bhfuil buiséad níos airde á iarraidh go comhsheasmhach aici do ghníomhaíocht sheachtrach faoi Cheannteideal 6 'An Chomharsanach agus an Domhan' agus go gcuireann an rún uaithi an 12 Nollaig 2023 maidir le cur chun feidhme na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — An Eoraip Dhomhanda (NDICI-GE) i bhfios go láidir nár cheart, i gcás ar bith, go ndéanfaí cistí NDICI-GE a chiorrú ná a ath-leithdháileadh idir na cláir théamacha agus gheografacha fhadtéarmacha mar thoradh ar athbhreithniú meántéarma 2024 ar CAI; á chur i bhfios go luaitear i Rialachán NDICI-GE, i.a., 'nár cheart na himchlúdaigh airgeadais atá beartaithe do chláir gheografacha Chomharsanacht na hAfraice agus na hAfraice Fo-Shahárаí a mhéadú ach amháin, i bhfianaise na tosaíochta ar leith a thugann an tAontas do na réigiúin sin';

4. ag meabhrú an ghealltanais pholaitiúil a bhaineann le buiséadú an Chiste Eorpaigh Forbraíochta - ó thaobh solúbthachta, intuarthachta agus tabhairt anonn de - agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di go ndéanfar é a bhréagnú trí na hath-imlonnuithe i measc línte buiséid mar a bheartaítear le cur chuige na Comhairle maidir leis an athbhreithniú ar CAI;

5. ag meabhrú an ghealltanais a thug an tAontas agus na Ballstáit a ODA a mhéadú go 0.7 % den ollioncam náisiúnta faoi 2030 agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit é a urramú i mbuiséad 2025 agus in athbhreithniú CAI; ag tabhairt dá haire gur gheall na Ballstáit a tháinig isteach san Aontas tar éis 2002 go ndéanfaidís a ndícheall ODA/OIN a dtíre a mhéadú go 0.33 %; á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí atá déanta go dtí seo ag na Ballstáit sin agus ag Ballstáit eile a gcaiteachas ar ODA a mhéadú de réir a chéile; ag moladh dóibh leanúint orthu ar an mbealach sin;

6. ag meabhrú na sprice maidir le caiteachas bithéagsúlachta de 10 % do na blianta 2026 agus 2027 agus na sprice 30 % a chaitheamh ar an aeráid sa CAI reatha chomh maith leis an ngá atá ann a ghealltanais airgeadais dhomhanda faoi chreat na Náisiún Aontaithe agus na gealltanais don Chiste Caillteanais agus Damáiste a chomhlíonadh;

7. ag athdhearbhú an ghealltanais a leagtar amach in ICFCI-An Eoraip Dhomhanda maidir le haghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis an imirce neamhrialta agus leis an easáitiú éigeantach; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, gan dochar d'imthosca gan choinne, gur cheart urraim a thabhairt don ghealltanas san Ionstraim céatadán táscach 10 % d'imchlúdach airgeadais na hIonstraime a thiomnú do ghníomhaíochtaí lena dtacaítear le bainistiú agus rialachas na himirce agus an easáitithe éigeantaigh laistigh de chuspóirí na hIonstraime agus nár cheart an clásal sin a athoscailt; ag tabhairt dá haire, áfach, gurb ionann an sciar de na cistí a gealladh in 2021 a rannchuidigh leis an sprioc maidir le caiteachas ar imirce agus 14 %; ag dréim le nuashonruithe substaintiúla rialta a fháil maidir le staid na himeartha;

8. I bhfianaise an mhéid sin, ag iarraidh anailís shoiléir a bheith ann ón gCoimisiún ina mbeidh miondealuithe mionsonraithe ar iarmhairtí an athbhreithnithe ar CAI ar an gclársceidealú airgeadais atá fágtha faoi Cheannteideal 6;

**Riachtanais dhaonnúla atá ag dul i méid i gcomparáid lelaghdú a bheith ag teacht ar acmhainneacht an Aontais**

9. á mheabhrú gur tháinig méadú as cuimse ar riachtanais dhaonnúla le blianta beaga anuas mar gheall ar ghéarchéimeanna agus tubaistí nádúrtha ar fud an domhain, ag cur go mór le héagothromaíochtaí agus atá ina gcúis le héifeachtaí iarmhartacha domhanda, agus mar thoradh air sin go bhfuil an chabhair dhaonnúil fós ar cheann de na hionstraimí is mó brú faoi bheartas gníomhaíochta seachtraí an Aontais agus go mbraitheann sí go leanúnach ar athneartuithe buiséadacha ad hoc;

10. á chur in iúl gur cúis mhór imní di, dá bhrí sin, an togra chun an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála (SEAR) a roinnt ar bhealach nach rachaidh chun tairbhe an Chúlchiste Dlúthpháirtíochta Eorpaigh (CDAE) agus a laghdóidh acmhainní le haghaidh cabhair dhaonnúil trí na hathneartuithe féideartha SEAR ar an ionstraim um chabhair dhaonnúil (HUMA) a laghdú go mór, rud a d'fhágfadh laghdú thart ar 15 % i gcás HUMA i gcomparáid le meán 2021-2023;

11. á mheabhrú go bhfuil riachtanais dhaonnúla ag an leibhéal is airde riamh[1] agus gur mó ná EUR 7, 9 billiún iad ná ná na himchlúdaigh um Chabhair Dhaonnúil thar an tréimhse 2024 go 2027 de réir mheastacháin an Choimisiúin agus, fad a tháinig laghdú ar chistiú daonnúil Fhoireann na hEorpa ó 45 % (2019) go 30 % (2022) den fhreagairt dhaonnúil dhomhanda; á mheabhrú gur grúpaí an-leochaileach iad mná agus leanaí, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas a iompraíonn na hiarmhairtí is mó a bhaineann le rochtain theoranta ar chabhair dhaonnúil;

12. á iarraidh ar an gComhairle a Conclúidí ó mhí na Bealtaine 2022 maidir leis an mbearna chistiúcháin dhaonnúil a dhúnadh agus, ina theannta sin, i bhfianaise na heaspa

[1] De réir na Náisiún Aontaithe, tá cabhair dhaonnúil de dhíth ar 363 mhilliún duine inniu – leibhéal atá thart ar 150 % níos mó ná mar a bhí in 2019 agus 32 % níos mó ná mar a bhí ag tús 2022.

cúlchistí, ag cur béim ar an ngá atá le HUMA a mhéadú i mbuiséad bliantúil 2025 an Aontais; á chur i bhfios go láidir, thairis sin, go bhfuil géarghá le hiarrachtaí breise chun an bonn acmhainní don ghníomhaíocht dhaonnúil a leathnú, agus leas á bhaint as acmhainní deontóirí traidisiúnta, atá ag teacht chun cinn agus a d'fhéadfadh a bheith ann, ón earnáil phríobháideach agus ó gheallsealbhóirí eile;

**Ídiú a mhaolú agus gan aon sholúbthacht a bheith ann chun freagairt ar riachtanais gan choinne**

13. á chur in iúl gur cúis imní di ídiú luath chúlchiste ICFCI-An Eoraip Dhomhanda 'Na dúshláin agus na tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn', ar úsáideadh nó ar leithdháileadh 80 % de cheana féin ó mhí an Mhárta 2023 agus nach rachadh an treocht sin in olcas ach de réir bhosca caibidlíochta athbhreithnithe CAI an 15 Nollaig 2023; á chur i bhfios go gcuireann sé sin réasúnaíocht an chúlchiste in iúl mar chúlchiste solúbtha chun freagairt ar riachtanais gan choinne chomh maith leis an ngealltanas polaitiúil a bhaineann le buiséadú an Chiste Eorpaigh Forbraíochta agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di, i bhfianaise chomhaontú Shamó le tíortha ACC, go bhféadfadh creidiúnacht AE a bheith i mbaol;

14. ag athdhearbhú a tacaíochta leanúnaí don Úcráin, i ngach gné di, lena n-áirítear cúnamh daonnúil, téarnamh, atógáil agus nuachóiriú, i bhfianaise chogadh foghach leanúnach na Rúise; á chur i bhfáth, áfach, nár cheart go rachadh an tacaíocht sin chun dochair don Domhan Theas; ag tabhairt dá haire go bhfuil cuid mhór de chúlchiste na hIonstraime ídithe mar gheall ar an gcúnamh don Úcráin á mhaoiniú tríd an gcúlchiste a shlógadh, seachas tríd an ionstraim bhuiséadach iomchuí, rud a fhágann nach bhfuil ach cumas teoranta ag ICFCI-An Eoraip Dhomhanda freagairt ar dhúshláin gan choinne; á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún maidir le Saoráid na hÚcráine a bhunú, lenar cheart maoiniú fadtéarmach inbhuanaithe a áirithiú don Úcráin agus cumas na hIonstraime dul i ngleic le dúshláin a bheidh ann amach anseo á chaomhnú ag an am céanna;

15. á chur in iúl gur cúis imní di go ndearnadh solúbthachtaí agus cúlchistí faoi Cheannteideal 6 a ídiú agus a shlógadh go suntasach cheana féin roimh athbhreithniú CAI, rud a d'fhág go raibh srian mór ar bhuiséad 2025 freagairt ar aon dúshláin nua, gan trácht ar infheistíochtaí nó gealltanais nua a dhéanamh i leith earraí comhchoiteanna domhanda. á chur i bhfios gur shainaithin an Coimisiún deiseanna an-teoranta ath-imlonnaithe - ós rud é go bhfuil ICFCI-An Eoraip Dhomhanda in 2025 go 2027 srianta trí phróifíl an chlársceidealaithe airgeadais a laghdú agus go mbeadh tionchar ag aon ath-imlonnú breise ar chomhar déthaobhach le tíortha comhpháirtíochta;

16. ag tabhairt rabhaidh go dtugann réamh-mheastacháin ráta úis Next Generation EU le fios nach mbeidh aon solúbthachtaí ar fáil sna hionstraimí speisialta in 2025 agus ina dhiaidh sin gan athbhreithniú a dhéanamh ar CAI. Cuireann an méid sin agus ídiú an chúlchiste srian ar acmhainneacht an Aontais maidir le gníomhaíocht sheachtrach agus cabhair dhaonnúil.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

The rapporteur declares under his exclusive responsibility that he did not receive input from any entity or person to be mentioned in this Annex pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure.

15.2.2024

## LITIR ÓN GCOISTE UM RIALÚ BUISÉADACH

An tUasal Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim maidir le Treoirlínte ginearálta i ndáil le buiséad 2025 a ullmhú, Roinn III – an Coimisiún (2023/2220(BUI))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um Rialú Buiséadach tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 23 Eanáir 2024, chinn na Comhordaitheoirí an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Rialú Buiséadach breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 22 Feabhra 2024. Ag an gcruinniú sin, chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag meabhrú a tiomantais láidir do na bunphrionsabail agus na luachanna bunúsacha a chumhdaítear sa Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE); ag moladh don Choimisiún leanúint orthu ag obair ar bhuiséadú inscne agus ar a mhodheolaíocht nua chun tionchar inscne chaiteachas an Aontais a thomhas;

2. á chur i bhfáth go gcuidíonn cur chun feidhme fónta agus tráthúil an bhuiséid le haghaidh a thabhairt ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ar na riachtanais agus ar na dúshláin atá roimh an Aontas agus a shaoránaigh sna réimsí éagsúla beartais; ag tabhairt rabhaidh go bhféadfadh, agus an buiséad á chur chun feidhme faoi bhrú ama, go méadófaí líon na n-earráidí agus na mírialtachtaí;

3. á mheabhrú go raibh ról ríthábhachtach ag buiséad an Aontais in 2022 chun aghaidh a thabhairt ar roinnt géarchéimeanna gan choinne, agus gur úsáideadh, mar thoradh air sin, na bearta solúbthachta uile a bhí ar fáil i mBuiséad an Aontais do 2022; á chur i bhfáth go bhfuil gá le solúbthacht i mBuiséad an Aontais do 2025 chun aghaidh a thabhairt ar imthosca nua a bhfhéadfadh a bheith gá le gníomhaíocht ón Aontas ina leith;

4. á chur i bhfáth gur gá Buiséad an Aontais a chosaint ar aon mhí-úsáid, go háirithe ar chalaois agus ar éilliú, agus á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de bheith airdeallach agus réamhghníomhach sna cásanna reatha agus sna cásanna a bheidh ann amach anseo ina ndéanann an easpa measa ar luachanna an Aontais agus ar an Smacht Reachta difear do leasanna airgeadais an Aontais, nó ina bhfuil baol ann go ndéanfaí difear do leasanna

airgeadais an Aontais, trí úsáid a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil dó, go háirithe an sásra coinníollachta, ar bhealach daingean; á chur i bhfáth gur gá acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil agus ról na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF), Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) a neartú sa chomhrac i gcoinne na calaoise agus an éillithe; á chur i bhfios go láidir, thairis sin. a thábhachtaí atá sé údarás Eorpach nua a bhunú chun sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac (AMLA) a mbeidh cumhachtaí aige smachtbhannaí agus pionóis a fhorchur; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil don údarás chun go gcomhlíonfaidh sé a shainordú go rathúil;

5. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur shroich na gealltanais le híoc ina n-iomláine an leibhéal is airde riamh ag EUR 450 billiún ag deireadh 2022 (2021: EUR 341.6 billiún); ag tabhairt dá haire gur fhan na gealltanais le híoc díreach faoi bhun an mhéid de EUR 460 billiún a réamh-mheastar in 2023 agus go meastar go dtiocfaidh laghdú orthu tar éis 2024, nuair a bheidh NGEU ag teacht chun deiridh; á mheabhrú gur oibleagáid don Aontas é costais iasachtaíochta Ionstraim Théarnaimh AE a aisíoc agus go mbraitheann a costais ar luaineachtaí margaidh i dtorthaí bannaí agus ar luas na n-eisíocaíochtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad dothuartha go bunúsach; á chur i bhfáth go gcruthaíonn an staid sin rioscaí do bheartais agus do chláir chomhaontaithe AE agus do chumas an bhuiséid freagairt ar riachtanais atá ag teacht chun cinn; á áitiú gur gá don Choimisiún faisnéis thráthúil agus mhionsonraithe a chur ar fáil do na húdaráis bhuiséadacha maidir leis na costais iasachtaíochta;

6. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé acmhainní dílse an Aontais a chosaint ar aon neamhrialtacht chalaoiseach agus, chuige sin, an comhar idir seirbhísí frithchalaoise agus gníomhaireachtaí custaim a spreagadh chun calaois lena ndéantar difear d’ioncam an Aontais a bhrath, a chosc agus a cheartú; ag meabhrú a seasaimh maidir leis na tograí leasaithe ón gCoimisiún, lena bhformhuinítear tabhairt isteach acmhainní dílse nua;

7. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go raibh moill shuntasach ar chur chun feidhme chlárthréimhse 2021-2027 mar gheall ar glacadh déanach roinnt rialachán earnála lena rialaítear beartais éagsúla an Aontais, amhail an Beartas Comhtháthaithe; á thabhairt chun suntais go dtacaíonn an Pharlaimint go hiomlán leis an mbeartas comhtháthaithe agus ag tathant ar na húdaráis bhuiséadacha na bearta uile is gá a dhéanamh i mBuiséad an Aontais 2025, amhail tacaíocht theicniúil agus riaracháin, chun leanúint de dhlús a chur le cur chun feidhme na mbeartas ar an láthair, agus béim mhór á coinneáil ar chomhlíonadh na rialacha, ar thorthaí a bhaint amach agus ar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint;

8. ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú ag teacht ar líon na dtograí reachtacha le haghaidh ionstraimí feidhmíochtbhunaithe, a éilíonn raon feidhme iniúchóireachta sonrach chun go mbeidh na húdaráis bhuiséadacha in ann cistiú AE a rianú go héifeachtach; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé forálacha a chur ar fáil d’ionstraimí den sórt sin maidir le bailiú sonraí maidir le faighteoir na gcistí agus rochtain ar na sonraí sin chun críche iniúchta agus rialaithe agus, ar an gcaoi sin, cosaint leasanna airgeadais AE a áirithiú; ag tabhairt dá haire go bhfuil na tograí sin á bhrú trí chaibidlíocht idirinstitiúideach le

luas nach bhfuil gá leis;

Is mise le meas,

Monika Hohlmeier

Cathaoirleach CONT

Isabel García Muñoz

Rapóirtéir d'urscaoileadh an Choimisiúin

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina freagracht eisiach nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

24.1.2024

## LITIR ÓN GCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA

An tUasal Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim i bhfoirm litreach ar na Treoirlínte do Bhuiséad 2025 - Roinn III (2023/2220(BUI))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 30 Samhain 2023, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 23 Eanáir 2024 agus ghlac sé a thuairim i bhfoirm litreach, arna tarraingt suas faoi stiúir rapóirtéir EMPL don tuairim Romana Tomc (PPE), ag an gcruinniú sin[1]. Chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thuarascáil.

Mise, le meas,

Dragoş Pîslaru

[1] Seo a leanas na daoine a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: Dragoş Pîslaru (Chair), Leila Chaibi (dara Leas-Chathaoirleach), Romana Tomc (tríú Leas-Chathaoirleach agus rapóirtéir don tuairim), Katrin Langensiepen (ceathrú Leas-Chathaoirleach), Alex Agius Saliba, João Albuquerque, Atidzhe Alieva-Veli, Catherine Amalric, Dominique Bilde, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Jordi Cañas, Özlem Demirel, Jarosław Duda, Estrella Durá Ferrandis, Cindy Franssen, Lina Gálvez Muñoz (le haghaidh Alicia Homs Ginel), Agnes Jongerius, Stelios Kympouropoulos, Miriam Lexmann, Sara Matthieu, Max Orville, Sandra Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Wolfram Pirchner, Jessica Polfjärd, Dennis Radtke, Elżbieta Rafalska, Eugenia Rodríguez Palop, Daniela Rondinelli, Monica Semedo, Maria Walsh, Tomáš Zdechovský, Lucia Ďuriš Nicholsonová agus Mohammed Chahim (le haghaidh Marc Angel), Paolo De Castro (le haghaidh Elisabetta Gualmini), Delara Burkhardt (de bhun Riail 209(7)).

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an an gCoiste um Buiséid, mar an Coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a chur san áireamh:

1. Meabhraíonn an Coiste Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (EPSR), a d'fhógair an Chomhairle Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach i mí na Samhna 2017, do Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta an 4 Márta 2021 agus do Dhearbhú Porto an 8 Bealtaine 2021 maidir le gnóthaí sóisialta arna nglacadh ag comhaltaí na Comhairle Eorpaí.

2. Maidir le hinfheistíochtaí i leibhéil arda fostaíochta agus cruthú post ardcháilíochta, uas-sciliú agus athsciliú, dul i ngleic leis an dífhostaíocht, beartais chuimsithe, lánpháirtiú níos tapúla i margadh an tsaothair, agus deiseanna ardcháilíochta agus inbhuanaithe a chur ar fáil do dhaoine óga, agus cumhacht ceannaigh á caomhnú ag an am céanna, go háirithe do na grúpaí is leochailí, is díothaí agus is mó faoi mhíbhuntáiste, amhail leanaí agus daoine óga, daoine ata thíos leis an mbochtaineacht, daoine dífhostaithe, teaghlaigh ina n-éagsúlacht uile, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, daoine de chúlra imirceach agus daoine Romacha, agus tacaíocht a thabhairt do thógáil tithíochta poiblí, cuireann Coiste EMPL chun suntais go bhfeabhsófar an caighdeán maireachtála san Aontas. Meabhraíonn Coiste EMPL go bhfuil an easpa dídine ag cur isteach ar líon méadaitheach daoine fásta agus leanaí, agus nach mór d'institiúidí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha leanúint dá n-iarrachtaí chun sprioc an Aontais deireadh a chur leis an easpa dídine a bhaint amach faoi 2030.

3. Thairis sin, meabhraíonn an Coiste Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta arb é is aidhm dó go mbainfidh an tAontas spriocanna sonracha amach faoi 2030, lena n-áirítear 78 % ar a laghad de dhaoine aonair idir 20 agus 64 bliana d'aois a bheith fostaithe, lena n-áirithítear go nglacfaidh 60 % ar a laghad de na daoine fásta uile páirt in oiliúint in aghaidh na bliana, agus go laghdófar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta go 15 mhilliún ar a laghad, lena n-áirítear 5 mhilliún leanbh. Mar sin féin, tá sé ag éirí níos dúshlánaí fiú na spriocanna sin a bhaint amach i gcomhthéacs na méaduithe réamh-mheasta ar an mbochtaineacht agus ar an dífhostaíocht mura rud é go bhfuil iarrachtaí sonracha agus tacaíocht shonrach dírithe ar an mbrú atá ar chórais cosanta sóisialta faoi láthair a mhaolú agus ar thionchar sóisialta na géarchéime a mhaolú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do dhídeanaithe agus dálaí maireachtála cuibhiúla a áirithiú do chách, le rochtain ar sheirbhísí riachtanacha ar ardchaighdeán amhail sláinte, oideachas agus tithíocht.

4. Meabhraíonn Coiste EMPL go bhfuiltear ag súil go rannchuideoidh CSE+ le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ach tarraingíonn sé aird ar an bhfíoras gur glacadh clársceidealú CSE+ roimh an ngéarchéim reatha, agus go bhfuil infheistíocht phoiblí agus shóisialta níos airde i gceist leis an ngéarchéim seo sa chaoi is go bhféadfadh sé nach bhfreastalóidh an clársceidealú atá ann cheana ar na riachtanais atá ann faoi láthair. Cuireann sé in iúl gur cúis bhuartha di na corrlaigh an-teoranta atá ar fáil agus áitíonn sí go n-áiritheofar go dtabharfar tosaíocht do chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus do spriocanna Dhearbhú Porto a bhaint amach. Tugann sé chun suntais, i

bhfianaise an mhéadaithe ar an gcostas maireachtála, agus go háirithe i bhfianaise an mhéadaithe ar phraghsanna bia, gur gá go méadófaí an leithdháileadh íosta do bhearta cuimsithe shóisialta a glacadh in CSE+ nua chomh maith leis an 3 % sa bhreis ar na bearta sin maidir le cúnamh bia agus cúnamh ábhartha bunúsach do na daoine is díothaí. Molann sé do na Ballstáit níos mó ná na híosmhéideanna a éilíonn CSE+ a leithdháileadh.

5. Cuireann Coiste EMPL i bhfios go láidir gur cheart acmhainní leormhaithe a leithdháileadh chun an Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, a glacadh in Porto, a mhaoiniú agus a chur chun feidhme agus chun príomhspriocanna Dhearbhú Porto a bhaint amach. Creideann sé go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sóisialta i ndálaí maireachtála agus oibre trí infheistíocht shóisialta sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus, ag an am céanna, freagairt do riachtanais láithreacha na ndaoine. Áitíonn sé nach mór do na rialacha lena rialaítear úsáid chistí an Aontais comhlíonadh na gceart sóisialta agus na bprionsabal daonlathach is airde a áirithiú agus a fheabhsú, a bheith ailínithe le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, leis na SDGanna, leis an gComhaontú Glas agus le cearta bunúsacha oibrithe agus á iarraidh go gceadófar airgead poiblí do na fostóirí sin amháin agus cearta oibrithe agus dálaí oibre is infheidhme á n-urramú acu. Iarrann sé an athuair go mbeadh coinníollachtaí sóisialta níos éifeachtaí i rialacha maidir le soláthar poiblí agus lamháltais agus go mbeadh smachtbhannaí éifeachtacha mar thaca leo. Cuireann sé in iúl gur cúis bhuartha di, áfach, go mbeidh gá le freagairt bhuiséadach láidir in 2025 agus ina dhiaidh sin mar gheall ar mhéid na ngéarchéimeanna atá ann faoi láthair agus an tionchar atá acu. Iarrann sé, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún buiséad uaillmhianach a mholadh do 2025.

6. Measann Coiste EMPL gur cheart aghaidh a thabhairt go leormhaith ar rioscaí sóisialta a bhrath agus na héifeachtaí éagsúla fostaíochta agus dífhostaíocht fhadtéarmach ar fud tionscail ar leith á gcur san áireamh. Iarrann sé go ndéanfadh an Coimisiún, dá bhrí sin, modheolaíocht rianaithe a thíolacadh le haghaidh caiteachas ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) laistigh de bhuiséad sóisialta AE bunaithe ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus Scórchlár Sóisialta agus táscairí folláine chun tionchar foriomlán cistí, ionstraimí agus saoráidí éagsúla arna maoiniú faoi CAI agus NGEU a thomhas;

7. Measann Coiste EMPL go bhfuil sé ríthábhachtach prionsabal an ilteangachais a chosaint agus a chur chun cinn, rud a chuireann cáilíocht na rannphháirtíochta daonlathaí agus na trédhearcachta chun cinn. I ndáil leis an méid sin, leagann an Coiste béim bhreise ar an ngá atá le tacú le beartais atá dírithe ar rannpháirtíocht na saoránach ar fud an Aontais a mhéadú, go háirithe daoine óga, chun go mbeidh na saoránaigh níos rannpháirtí le beartais an Aontais agus chun go mbeidh bearta níos éifeachtaí ann a fhorbraítear i gcur chuige áitbhunaithe.

8. Thairis sin, creideann sé gur cheart go sonrófaí sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta go gcuirfear 30 % ar a laghad de na cistí ar leataobh d'infheistíochtaí sóisialta chun córais leasa shóisialta a neartú agus infheistíocht a dhéanamh i slándáil shóisialta, rochtain ar chúram sláinte agus ar oideachas, tithíocht inacmhainne, fostaíocht, ceartas sóisialta agus seirbhísí sóisialta do ghrúpaí leochaileacha.

9. Meabhraíonn Coiste EMPL freisin go bhfuil brú ar acmhainní buiséadacha an Aontais atá ar fáil mar gheall ar dhálaí na ndeacrachtaí arda boilscithe i soláthar an tslabhra soláthair fuinnimh agus amhábhar agus mar gheall ar roinnt géarchéimeanna, agus gur cheart iad sin a úsáid go leormhaith chun aghaidh a thabhairt go héifeachtúil ar dhúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo laistigh den Aontas. Tá tionchar diúltach ag na géarchéimeanna leanúnacha ar thírdhreach socheacnamaíoch an Aontais, rud a imríonn tionchar ar dhálaí oibre agus maireachtála, agus a chuireann fás agus fostaíocht inbhuanaithe i mbaol. Le buiséad 2025 an Aontais, ní mór aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar riachtanais atá ag teacht chun cinn, go háirithe i bhfianaise an bhoilscithe atá ag dul i méid, méadú ar an tithíocht, praghsanna bia agus fuinnimh, leochaileachtaí atá ag dul i méid, neamhionannais shóisialta agus eacnamaíocha a leathnú, agus an bhochtaineacht a mhéadú agus a ghéarú, lena n-áirítear bochtaineacht fuinnimh, a bhfuil tionchar acu ar na pobail is leochailí. Mar thoradh ar mharbhántacht pá i ndáil leis an mboilsciú, is mó an baol go dtiocfaidh laghdú ar chumhacht ceannaigh na n-oibrithe, rud a d’fhéadfadh dálaí maireachtála agus meabhairshláinte a dhéanamh níos measa. Cuirfidh an staid sin brú breise ar chumas na mbeartas sóisialta agus na gcobhsaitheoirí uathoibríocha, lena n-áirítear scéimeanna náisiúnta dífhostaíochta. Measann sé go bhfuil géarghá le méaduithe pá chun an t-éileamh inmheánach agus an fás cuimsitheach a chothú, agus chun tionchar na géarchéime dúbailte ar oibrithe agus ar theaghlaigh a laghdú.

10. Iarrann Coiste EMPL an athuair go mbeadh straitéis uileghabhálach frithbhochtaineachta ann ina mbeidh spriocanna uaillmhianacha chun an bhochtaineacht a laghdú agus deireadh a chur leis an bhfíorbhochtaineacht san Eoraip faoi 2030, i gcomhréir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus na SFInna á gcur san áireamh.

11. Cuireann Coiste EMPL i bhfios go láidir go bhfuil rioscaí méadaithe fostaíochta agus sóisialta os comhair na mban, go háirithe i gcomhthéacs na ngéarchéimeanna agus an chogaidh san Úcráin. Chun an sprioc fostaíochta ó Dhearbhú Porto a bhaint amach, tá gá le spriocanna náisiúnta uaillmhianacha chun mná a áireamh sa lucht saothair trí dhreasachtaí a chruthú, bonneagar sóisialta a thógáil agus bacainní agus idirdhealú a bhaint. Iarrann an Coiste go ndéanfaí buiséad a fhreagraíonn do chúrsaí inscne a phríomhshruthú chun beartais agus gníomhaíochtaí a ailíniú ar bhealach níos fearr a chuirfeadh rannpháirtíocht chothrom na mban chun cinn i margadh an tsaothair agus go gcuirfí córais chuimsitheacha i bhfeidhm chun faireachán agus tomhas a dhéanamh ar leithdháiltí buiséid inscne, ar rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair, ar rochtain ar fhostaíocht, agus ar bhearnaí pá agus pinsin.

12. Ina theannta sin, cuireann Coiste EMPL in iúl gur cúis imní dó rátaí dífhostaíochta níos airde i measc na n-óg in AE i gcomparáid leis an dífhostaíocht fhoriomlán. Tathantaíonn sé ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tosaíocht a thabhairt don chomhrac i gcoinne na dífhostaíochta i measc na hóige, agus tionscnaimh atá ann cheana amhail Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus an Ráthaíocht don Aos Óg a ghiaráil. Iarrann an Coiste ar na Ballstáit uile infheistíocht a dhéanamh san fhostaíocht don aos óg. Aithníonn sé an ról ríthábhachtach atá ag an ngairmoideachas agus an ghairmoiliúint (VET) agus ag cúrsaí oiliúna maidir leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá do dhaoine óga a chur ar fáil i margadh an tsaothair. Leagann an Coiste béim ar a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh ina gcáilíocht agus ina

tharraingteacht trí CSE+ agus tríd an Ráthaíocht don Aos Óg atreisithe agus, ag an am céanna, feabhas a chur ar dhálaí oibre agus ar tharraingteacht na bpost ar an leibhéal iontrála. Cuireann sé in iúl gur cúis imní di an fhorbhásacht luathghairme mar gheall ar chleachtais mhí-úsáideacha saothair, lena mbaintear an bonn de neamhspleáchas agus cothromaíocht oibre is saoil daoine óga agus dá gcumas rochtain a fháil ar thithíocht. Tugann sé dá aire gur mó an seans go mbeidh mná agus oibrithe óga a bhfuil leibhéil ísle oideachais acu thíos le forbhásacht luathghairme. Measann Coiste EMPL gur cheart aghaidh a thabhairt go leormhaith ar rioscaí sóisialta a bhrath agus na héifeachtaí éagsúla fostaíochta agus dífhostaíocht fhadtéarmach ar fud tionscail ar leith á gcur san áireamh.

13. Measann Coiste EMPL gur cheart aghaidh a thabhairt go leormhaith ar rioscaí sóisialta a bhrath agus na héifeachtaí éagsúla fostaíochta agus an dífhostaíocht fhadtéarmach ar fud tionscail agus earnálacha áirithe á gcur san áireamh trí oiliúint, athsciliú agus uas-sciliú agus trí phoist tharraingteacha ardcháilíochta a chruthú a bheidh inrochtana do chách i gcomhréir le cuspóirí an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. D'fhéadfadh na bearta sin cuidiú le difríochtaí struchtúracha idir réigiúin a shárú agus cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist imirce daoine oilte, chomh maith le héagothromaíochtaí sóisialta, lena n-áirítear neamhionannais idir mná agus fir.

14. In 2022, bhí 24.7 % de leanaí an Aontais thíos leis an mbochtaineacht nó leis an eisiamh sóisialta, agus thug siad dá n-aire go bhfuil an ráta bochtaineachta leanaí ag dul in olcas arís agus is cúis imní dó go rachaidh sé in olcas sna blianta atá le teacht. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit úsáid éifeachtach a bhaint as cistí atá ar fáil amhail CSE+ CFRE agus InvestEU chomh maith le ReactEU, STA chun bochtaineacht leanaí a dhíothú, agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí chun cearta bunriachtanacha agus príomhsheirbhísí a choimirciú amhail cúram sláinte ar ardchaighdeán, oideachas agus cúram agus oideachas na luath-óige, rochtain éifeachtach ar chothú sláintiúil, agus tithíocht leordhóthanach. Iarrann an Coiste go méadófaí go práinneach cistiú na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí le buiséad tiomnaithe EUR 20 billiún ar a laghad. Ina theannta sin, iarrann sé ina leith sin go ndéanfadh na Ballstáit uile, ní hamháin iad siúd is mó atá thíos le bochtaineacht leanaí, 5 % ar a laghad d'acmhainní CSE+ atá faoi bhainistíocht chomhroinnte a leithdháileadh chun tacú le gníomhaíochtaí faoin Ráthaíocht Eorpach do Leanaí.

15. Tá dúshláin dhéimeagrafacha os comhair an Aontais ina bhfuil daonra atá ag dul in aois mar gheall ar rátaí torthúlachta a bheith ag dul i léig agus ionchas saoil níos fearr. Agus béim á leagan aige ar thionchar na n-éiginnteachtaí eacnamaíocha a mbíonn tionchar mór acu ar dhaoine scothaosta, leagann an Coiste béim ar an easpa freagairtí beartais ar thionchar an athraithe dhéimeagrafaigh. Cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh i dtithíocht leormhaith inacmhainne, i saoráidí cúraim phoiblí ar ardchaighdeán agus i seirbhísí cúraim phoiblí leordhóthanacha, agus i seirbhísí leordhóthanacha cúraim agus tacaíochta trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanais pearsanra bonneagar criticiúil — lena n-áirítear cúramóirí agus gairmithe sláinte, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh di an Straitéis Eorpach um Chúram agus iarrann sí go gcuirfear cistiú leordhóthanach ar fáil i mbuiséad 2025.

16. Cuireann Coiste EMPL i bhfáth a thábhachtaí atá beartais agus bearta chun tacú leis an

aistriú i margadh an tsaothair agus a riachtanaí atá sé iomaíochas ár ngeilleagar a neartú i gcomhthéacs an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. Chuige sin, leagann Coiste EMPL béim ar a thábhachtaí atá an Ciste um Aistriú Cóir, lena gcumhdaítear uas-sciliú agus athsciliú, lena n-áirítear oiliúint, na n-oibrithe a ndéantar difear dóibh sna réigiúin ainmnithe ar fud na mBallstát, chomh maith le gníomhaíochtaí eile i réimsí an oideachais agus an chuimsithe shóisialta lena n-áirítear infheistíochtaí i mbonneagar chun críocha ionad oiliúna, saoráidí cúraim leanaí agus daoine scothaosta. Cabhraíonn an Ciste leis na hoibrithe a ndéantar difear dóibh glacadh le deiseanna fostaíochta nua chomh maith le haon chineál tacaíochta cuí a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist, lena n-áirítear cúnamh cuardaigh poist agus a gcuimsiú gníomhach sa mhargadh saothair.

17. Cuireann Coiste EMPL i bhfáth gur éirigh go maith leis an Ionstraim Eorpach le haghaidh Tacaíocht Sealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a Mhaolú i gCás Éigeandála (SURE) sa chomhrac i gcoinne na dífhostaíochta mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Iarrann sé ar an gCoimisiún, thairis sin, tógáil ar ionstraim SURE chun tacú le scéimeanna náisiúnta d’fhonn fostaíocht a chosaint agus ioncaim oibrithe a chaomhnú, ar ionstraim í is féidir a ghníomhachtú go sealadach nuair a bhíonn cuid den Aontas buailte ag suaitheadh eacnamaíoch. Áitíonn sé go leanfar le gach beart éigeandála náisiúnta agus AE, go háirithe iad siúd a bhaineann le cosaint fostaíochta agus cúiteamh ioncaim, agus go ndéanfar iad a athmhaoiniú fad a leanfaidh iarmhairtí socheacnamaíocha an chogaidh de thionchar diúltach a bheith acu ar mhargadh an tsaothair agus go dtí go dtéarnóidh an geilleagar go hiomlán agus go ndéanfaidh an margadh fostaíochta a chobhsú.

18. Tabharfar aird chuí ar na saoránaigh uile atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh, ar dúshlán mór don Aontas é. Is é is aidhm don Chiste Aeráide Sóisialta a áirithiú go ndíreofar na bearta agus na hinfheistíochtaí roghnaithe go háirithe ar theaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh nó ar theaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha, rud atá ríthábhachtach don aistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta. Iarrann Coiste EMPL ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur leis an gCiste Aeráide Sóisialta agus machnamh a dhéanamh ar scéimeanna cosanta sóisialta glasa a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta le tacaíocht ón Aontas chun athléimneacht shóisialta a neartú i gcoinne thionchair an athraithe aeráide agus dhíghrádú an chomhshaoil trí aghaidh a thabhairt ar fho-éifeachtaí na mbeartas glas ar phoist agus ar dhálaí maireachtála agus chun a áirithiú go mbeidh na pobail a bhfuil tionchar acu ullmhaithe go hiomlán don mhargadh saothair nua agus cuireann sé i bhfios gur cheart go n-áireofaí sna scéimeanna sin cosaint shóisialta agus sláinte, cosaint dífhostaíochta arna comhlánú ag beartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair d’oibrithe, cláir oibreacha poiblí a sholáthraíonn airgead tirim nó tacaíocht chomhchineáil agus scileanna agus infhostaitheacht oibrithe á bhfeabhsú, sochair chúnaimh shóisialta a thacaíonn le hioncam agus slándáil bia, scéimeanna ráthaíochta fostaíochta mar aon le hoiliúint nó athoiliúint a chur ar fáil, cuidiú le teaghlaigh a scileanna a fhorbairt agus a gcuid scileanna a fheabhsú.

19. Seasann Coiste EMPL do bheartais teaghlaigh agus do bheartais shóisialta a chabhraíonn le leanaí tús níos fearr a chur leis an saol agus cothromaíocht oibre is saoil a áirithiú do gach oibrí. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin do chúramóirí agus do thuismitheoirí, go háirithe do mhná nach mór a rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a áirithiú. Leagann sé béim ar an tábhacht a bhaineann le saoire mháithreachais,

atharthachta, tuismitheora agus cúraim chomh maith le beartais chothaithe cíche, agus spreagann sé socruithe solúbtha oibre ar bhonn deonach lena n-áirítear teilea-obair agus oiriúnú uaireanta oibre agus sceideal chun freastal níos fearr ar shaol na hoibre agus ar shaol an duine.

20. Cuireann Coiste EMPL i bhfios gurb é CSE+ ar cheann de na príomhrudaí a spreagann gné shóisialta an Aontais agus príomhionstraim AE a neartú chun infheistíocht a dhéanamh i ndaoine, lena ndéanfar ardleibhéil fostaíochta a chur chun cinn, lena rannchuidítear le nuachóiriú na cosanta sóisialta agus lena bhforbraítear lucht saothair oilte athléimneach a bheidh ullamh don aistriú chuig geilleagar glas agus digiteach i gcomhréir le prionsabail CECS. Tugann sé chun suntais freisin a thábhachtaí atá an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d’Oibrithe Iomarcacha (EGF), an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC), ReactEU lena acmhainní breise do CSE+, an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg (TFAO) agus an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD).

21. Measann Coiste EMPL gur saincheist thábhachtach nua den bheartas sóisialta í an mheabhairshláinte ag an obair. Tá saol na hoibre ag athrú go tapa. Chuir an phaindéim dlús le réaltachtaí nua, agus tá tionchar ag cineálacha nua oibre a eascraíonn as an digitiú, lena n-áirítear an intleacht shaorga (IS), ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh di an tionscnamh ón gCoimisiún Eorpach chun cur chuige cuimsitheach a sheoladh maidir leis an meabhairshláinte agus meabhraíonn sé a sheasamh ina n-iarrtar Treoir maidir leis na rialacha maidir leis an gceart chun dícheangail agus teilea-oibre, chomh maith le Treoir maidir le rioscaí síceolaíocha agus folláine ag an obair.

22. Measann Coiste EMPL go bhfuil infheistíocht san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, in athsciliú agus in uas-sciliú bunriachtanach chun aghaidh a thabhairt ar an aistriú glas agus digiteach chun aistrithe glasa agus digiteacha a bhaint amach agus chun iomaíochas inbhuanaithe agus athléimneacht an Aontais i gcoinne suaití seachtracha a fheabhsú. Cé go bhfuil lucht saothair oilte in easnamh i roinnt earnálacha, lena n-áirítear seirbhísí cúraim, ní hamháin go gcruthaíonn scileanna níos oiriúnaí deiseanna nua, cinntíonn sé go mbíonn imeascadh agus aistriú níos tapúla ag oibrithe i margadh an tsaothair, cothaíonn sé cuimsiú sóisialta agus d’fhéadfadh sé a bheith ina fhoinse féinchomhlíonta a thugann cumhacht do dhaoine aonair páirt ghníomhach a ghlacadh i margadh an tsaothair. Féachann Bliain Eorpach na Scileanna le haghaidh a thabhairt ar an nganntanas scileanna a dhéanann difear do 77 % de chuideachtaí san Aontas trí thionscnaimh athscilithe agus uas-scilithe. Is é an sprioc tacú le fás inbhuanaithe i ngeilleagar sóisialta margaidh an Aontais, borradh a chur faoin iomaíochas, go háirithe FBManna, agus rannchuidiú le poist ardcháilíochta a chruthú ar bhealach atá cothrom, cuimsitheach agus cóir go sóisialta. Cuireann sé sonrú sa Talent Booster Mechanism (an Sásra Chun Cur leis an Tallann) mar thionscnamh nua tiomnaithe agus cuimsitheach chun borradh a chur faoin “tallann” i réigiúin a bhfuil orthu aghaidh a thabhairt ar “ghaiste forbartha tallainne” nó atá i mbaol sin.

23. Measann Coiste EMPL gur cuid thábhachtach den straitéis Eorpach é an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) chun infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí criticiúla agus i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a neartú. Leis an tionscnamh seo, tugtar aghaidh ar ghanntanais lucht saothair agus ar riachtanais

scileanna, trí chláir oiliúna thiomnaithe a chur ar bun trí Acadaimh um an Tionscal Glan-nialasachta, arb é is aidhm dóibh ceannasacht agus slándáil na hEorpa a fheabhsú agus borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais san aistriú glas agus san aistriú digiteach ag an am céanna. Iarrann sí an athuair freisin go mbunófaí Ciste Ceannasachta Eorpach lánfheidhme chun neamhspleáchas straitéiseach an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear infheistíocht i gcaipiteal daonna agus lucht saothair oilte, chun rochtain chuimsitheach ar phoist ardcháilíochta a chur chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna atá ríthábhachtach do phríomhearnálacha eacnamaíocha agus tionsclaíocha.

24. Meabhraíonn Coiste EMPL an obair bhunriachtanach a rinne cúig ghníomhaireacht agus údarás an Aontais atá gníomhach sna réimsí beartais shóisialta agus fostaíochta, eadhon an tÚdarás Eorpach Saothair, an Fhondúireacht Eorpach um Dhálaí Maireachtála agus Oibre, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna agus an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna. Measann sé nach mór foireann chuí agus acmhainní leordhóthanacha a bheith ag na gníomhaireachtaí agus na húdaráis sin, agus boilsciú á chur san áireamh, ionas gur féidir leo a sainordú a chomhlíonadh, a gcuspóirí a bhaint amach agus a gcúraimí atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh. Meabhraíonn sé go dtagann forbairt ar chúraimí na ngníomhaireachtaí i gcomhréir le tosaíochtaí beartais agus cuireann sé i bhfáth nach mór leibhéil chomhfhreagracha acmhainní úra a bheith ag gabháil le freagrachtaí nua.

25. Meabhraíonn Coiste EMPL go bhfuil treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin ríthábhachtach chun tionscnaimh bheartais nua a thástáil i réimse na fostaíochta agus an chuimsithe shóisialta, lena n-áirítear trí bhailiú sonraí. Meabhraíonn sé go bhfuil an measúnú orthu daingnithe sa Chomhaontú Idirinstitiúideach agus iarrann sé ar an gCoimisiún an athuair meastóireacht a dhéanamh ar thograí le haghaidh treoirthionscadal nó gníomhaíochtaí ullmhúcháin ar bhealach neamhchlaonta agus ar bhonn measúnú dlíthiúil agus ar bhonn measúnú airgeadais ar bhealach a léiríonn fiúntas na dtograí. Cuireann sé in iúl gur cúis leanúnach díomá dó an measúnú dearóil agus doiléir ar na tograí do bhuiséad 2023 agus iarrann sé ar an gCoimisiún mínithe beachta agus mionsonraithe a fháil ar na measúnuithe sin, mar aon le samplaí nithiúla de bhearta an Aontais a mheastar a 'chuimsíonn' na tograí. Meabhraíonn sé freisin nach mór go ndéanfaí na treoirthionscadal nó gníomhaíochtaí ullmhúcháin arna nglacadh a chur chun feidhme ar bhealach atá dílis i gcónaí don togra a glacadh.

26. Leagann Coiste EMPL béim ar an ngá atá le tacaíocht leordhóthanach don idirphlé sóisialta agus d'acmhainneacht na gcomhpháirtithe sóisialta chomh maith leis an ngá atá le tacaíocht leordhóthanach a ráthú do bhearta faisnéise agus oiliúna. Dá bhrí sin, iarrann sí ar an gCoimisiún gan na leithdháiltí do na línte buiséid sin a laghdú ina dhréachtbhuiséad do 2025 mar a rinneadh le 2 bhliain anuas. Ag aithint dó a thábhachtaí atá na comhpháirtithe sóisialta, ba cheart don Aontas a ról a chur chun cinn, agus éagsúlacht náisiúnta á cur san áireamh, agus idirphlé sóisialta agus cómhargáil a éascú i gcomhréir le hAirteagal 152 CFAE. Creideann sé, i bhfianaise na n-éagothromaíochtaí socheacnamaíocha atá ann cheana, go mbeidh gá le tuilleadh tacaíochta don idirphlé sóisialta agus don chómhargáil, do na comhpháirtithe sóisialta agus do bhearta oiliúna sna blianta atá le teacht agus iarrann sí go rachfaí i gcomhairle go héifeachtach agus go fóinteach leis na comhpháirtithe sóisialta i gclársceidealú, i meastóireacht agus i gcur

chun feidhme chistí ábhartha an Aontais.

27. Iarrann Coiste EMPL go gcruthófaí clár lena gcuirfear feachtais feasachta chun cinn maidir le tábhacht na gceardchumann, na haontachta, na cómhargála agus comhaontuithe saothair chun sochaí níos cothroime a bhaint amach, eadhon trí dhálaí oibre, pá agus dálaí maireachtála a fheabhsú;

28. Is díol sásaimh do Choiste EMPL an cruinniú mullaigh nua maidir leis na comhpháirtithe sóisialta in Val Duchesse a bheidh ar siúl in 2024. Measann sé gur deis é an cruinniú mullaigh sin chun feasacht a mhúscailt agus chun teacht ar réitigh maidir le beartais shóisialta; áitíonn sí go mbeidh Parlaimint na hEorpa rannpháirteach go gníomhach sa phlé.

## ANNEX: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT

The rapporteur declares under her exclusive responsibility that she did not receive input from any entity or person to be mentioned in this Annex pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure.

05.2.2024

**LITIR ÓN GCOISTE UM AN GCOMHSHAOL, UM SHLÁINTE PHOIBLÍ AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BIA**

An tUasal Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar na Treoirlínte do Bhuiséad 2025 - Roinn III (2023/2220(BUI))

A Chathaoirligh, a chara,

A Uasail Van Overtveldt, a chara,

Chinn comhordaitheoirí an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) an 28 Samhain 2023 go dtabharfadh ENVI tuairim maidir leis na Treoirlínte do bhuiséad 2025 – Roinn III (2023/2220 (BUI)) i bhfoirm litreach. Dá bhrí sin, i mo cháil mar Chathaoirleach ENVI agus mar Bhuanrapóirtéir don Bhuiséad araon, cuirfidh mé ionchur ENVI ar fáil duit i bhfoirm míreanna rúin, a ghlac ENVI ag an gcruinniú a bhí aige [1]an 24 Eanáir 2021 agus a bhfuilim ag iarraidh go gcuirfidh do choiste san áireamh:

− ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá ní hamháin le hAontas níos aontaithe agus níos tacúla de bharr na héagobhsaíochta agus na héiginnteachta arb é ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine is cúis léi, ach le hAontas atá neamhspleách ó thaobh fuinnimh de freisin a bheidh ina cheannródaí ar an aistriú glas agus cóir, nach bhfagfaidh aon duine ar lár agus a thabharfaidh aghaidh ar an mbochtaineacht fuinnimh; ag tabhairt dá haire nár cheart don staid gheopholaitiúil thromchúiseach aird a tharraingt ná moill a chur ar na hiarrachtaí chun an sprioc aeráidneodrachta a leagadh síos do 2050 ar a dhéanaí a bhaint amach;

[1] Bhí na daoine seo a leanas i láthair don vótáil chríochnaitheach: Pascal Canfin (Cathaoirleach), Bas Eickhout (Leas-Chathaoirleach), Anja Hazekamp (Leas-Chathaoirleach), César Luena (Leas-Chathaoirleach), Mazaly Aguilar, Catherine Amalric, Maria Arena, Katarina Barley, Hildegard Bentele, Sergio Berlato, Michael Bloss, Daniel Buda, Delara Burkhardt, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Asger Christensen, Christophe Clergeau, Nathalie Colin-Oesterlé, Ana Collado Jiménez, Maria Angela Danzì, Marie Dauchy, Matthias Ecke, Pietro Fiocchi, Heléne Fritzon, Malte Gallée, Gianna Gancia, Paola Ghidoni, Catherine Griset, Teuvo Hakkarainen, Martin Hojsík, Jan Huitema, Martin Häusling, Peter Jahr, Karin Karlsbro, Billy Kelleher, Ska Keller, Petros Kokkalis, Danilo Oscar Lancini, Peter Liese, Javi López, Thierry Mariani, Lydie Massard, sara Matthieu, Liudas Mažylis, Nora Mebarek, Dace Melbārde, Marina Mesure, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Ville Niinistö, Ljudmila Novak, Nikos Papandreou, Francesca Peppucci, Jessica Polfjärd, Stanislav Polčák, Erik Poulsen, Nicola Procaccini, Frédérique Ries, Manuela Ripa, María Soraya Rodríguez Ramos, Maria Veronica Rossi, Silvia Sardone, Günther Sidl, Ivan Vilibor Sinčić, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Edina Tóth, Achille Variati, Idoia Villanueva Ruiz, Petar Vitanov, Alexandr Vondra, Veronika Vrecionová, Thomas Waitz, Mick Wallace, Jörgen Warborn, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Stefania Zambelli, Esther de Lange, Margarita de la Pisa Carrión, Elżbieta Katarzyna ukacijewska, Michaela Šojdrová.

− á chur i bhfios go bhfuil buiséad fadtéarmach an Aontais do 2021-2027, in éineacht le NextGenerationEU, dírithe ar thosaíochtaí fadtéarmacha an Aontais a chur chun feidhme i réimsí éagsúla, lena n-áirítear an aeráid agus an comhshaol; á thabhairt chun suntais, go sonrach, go bhfuil EUR 401 bhilliún curtha ar leataobh d'acmhainní nádúrtha agus don chomhshaol, agus go ndéantar 30 % de chaiteachas iomlán an Aontais a leithdháileadh ar thionscadail a bhaineann leis an aeráid; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, an rún atá ann cistí a mhéadú EUR 10 mbilliún san athbhreithniú meántéarma ar chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027, go háirithe i ndáil le tosaíochtaí comhshaoil agus aeráide; á chur in iúl go dtacaíonn sí leis an ngá atá le EUR 1 bhilliún breise faoi Cheannteideal 3 'Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol', lena n-áirítear caiteachas agus infheistíocht a bhaineann le talmhaíocht, earnálacha muirí, an aeráid, cosaint an chomhshaoil, slándáil bia agus forbairt tuaithe[2], chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an chomhshaoil le níos mó solúbthachta[3];

− á mheabhrú go bhfuil an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach ar dhá cheann de phríomhchuspóirí NextGenerationEU agus go bhfuiltear ag dréim leis go dtreoróidh an chuid lárnach de — an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) — an tAontas Eorpach i dtreo todhchaí níos inbhuanaithe trí níos mó ná EUR 700 billiún de dheontais agus d'iasachtaí a chur ar fáil do na Ballstáit; á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go rannchuideoidh RRF le príomhshruthú na gníomhaíochta aeráide agus na hinbhuanaitheachta comhshaoil agus le baint amach sprioc an Aontais maidir le haeráidneodracht faoi 2050 trí thacú le hathchóirithe na mBallstát i dteicneolaíochtaí agus cumais ghlasa, lena n-áirítear soghluaisteacht inbhuanaithe, éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite, oiriúnú don athrú aeráide, geilleagar ciorclach agus bithéagsúlacht; á mheabhrú, chun na cistí sin a fháil, nach mór do na Ballstáit pleananna a ullmhú lena gcaithfear 37 % ar a laghad dá gcaiteachas iomlán ar infheistíochtaí agus ar athchóirithe chun tacú le cuspóirí aeráide; á iarraidh ar an bParlaimint a feidhm mhaoirseachta a fheidhmiú ar RRF trí mheasúnú a dhéanamh go bhfuil pleananna náisiúnta i gcomhréir le cuspóirí aeráide agus comhshaoil[4];

− á chur i bhfios go láidir gur cheart buiséad an Aontais do 2025 a ailíniú le huaillmhian an Dlí Aeráide Eorpaigh go mbeidh AE ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach faoi 2050 agus le sprioc Chomhaontú Pháras an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil faoi bhun 2 °C i gcomparáid le hamanna réamhthionsclaíocha;

− á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin, na Parlaiminte agus na Comhairle rannchuidiú bhuiséad an Aontais leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide a neartú, mar a comhaontaíodh sa Chomhaontú Idirinstitiúideach i mí na Nollag 2020[5]; ag cur béim ar an ngá atá le hacmhainní riachtanacha a dhaingniú le haghaidh príomhshruthú aeráide agus bithéagsúlachta, lena n-áirithítear go gcuirfear tosaíochtaí aeráide agus bithéagsúlachta san

[2] An Coimisiún Eorpach, 'Ceannteideal: catagóirí caiteachais', ar fáil ag https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/eu-budget/long-term-eu-budget/2021-2027/spending/headings_en.

[3] Karoline Kowald, 'Athbhreithniú meántéarma ar CAI 2021-2027: Tuarascáil eatramhach maidir leis an togra ón gCoimisiún', ar fáil ag https://www.europarl.europa.eu/thinktank/en/document/EPRS_ATA(2023)753945.

[4] https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/green.html.

[5] IIA = Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.LI.2020.433.01.0028.01.ENG).

áireamh i ngach clár Eorpach in aon réimse agus iad á gceapadh, á gcur chun feidhme agus meastóireacht á déanamh orthu; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé an sprioc maidir le caiteachas aeráide de 32.6 % de bhuiséad AE de EUR 578 billiún a bhaint amach; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé feidhmiú an tSásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha a áirithiú, rud a chuirfidh ar chumas an Choimisiúin gníomhaíocht chúiteach a dhéanamh chun aon bhearnaí a dhúnadh maidir le sprioc fhoriomlán an chaiteachais aeráide do bhuiséad AE a bhaint amach[6];

– á chur i bhfios, maidir le príomhshruthú bithéagsúlachta, gur gá dul i ngleic le cailliúint na bithéagsúlachta agus éiceachórais a athbhunú trí infheistíocht shuntasach a dhéanamh agus an sprioc 7.5 % ar a laghad den chaiteachas bliantúil a leithdháileadh ar spriocanna bithéagsúlachta in 2024 agus 10 % in 2026 agus 2027 araon a bhaint amach; á chur i bhfios go láidir nach mór iarrachtaí breise a dhéanamh laistigh de bhuiséad 2025 an Aontais chun a áirithiú go gcomhlíonfar an sprioc maidir le caiteachas bithéagsúlachta a socraíodh do na blianta 2026 agus 2027; á chur i bhfáth nach mór do bhuiséad AE a bheith ina phríomhthoisc i gcur chun feidhme Straitéis Bhithéagsúlachta 2030, ar dá réir a éilíonn gníomhaíocht bhithéagsúlachta EUR 20 billiún ar a laghad in aghaidh na bliana ó ‘maoiniú poiblí agus príobháideach ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal AE’[7];

– á áitiú gur gá faireachán a dhéanamh go trédhearcach ar chaiteachas a bhaineann leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht trí thuairisciú iontaofa agus cuimsitheach a dhéanamh i ndoiciméid buiséid agus ar an suíomh gréasáin feidhmíochta, agus ag cur béim ar an ngá atá le meastóireachtaí ex post leordhóthanacha a dhíríonn ar thionchar; á iarraidh go ndéanfar idirdhealú sa mhodheolaíocht maidir le caiteachas aeráide idir maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide i gcás inarb indéanta; ag dréim leis agus á chur i bhfáth gur gá don Choimisiún modheolaíocht chuimsitheach éifeachtbhunaithe a chur ar fáil bunaithe ar chomhéifeachtaí aeráide AE agus tuairisciú bliantúil a chur ar fáil maidir le caiteachais a bhí ann san am a chuaigh thart agus a bheidh ann amach anseo do na seacht mbliana uile de CAI chun príomhshruthú fónta dea-cheaptha aeráide agus bithéagsúlachta a áirithiú; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé comhfhogasú míthreorach an chaiteachais le cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta a sheachaint, lena n-áirítear easpa spriocanna sainráite; ag tathant ar an gCoimisiún cáilíocht an chaiteachais ar leibhéal an chláir a sheiceáil; á mheabhrú don Choimisiún an t-athbhreithniú meántéarma a fhoilsiú tar éis dul i gcomhairle leis an bParlaimint agus le geallsealbhóirí agus togra gaolmhar a thíolacadh mura gcomhlíontar na spriocanna;

– á iarraidh go n-urramófaí i ngach clár buiséadach AE an gealltanas maidir leis an bprionsabal ‘gan dochar (suntasach) a dhéanamh’; á chur i bhfáth gur gá an prionsabal gan dochar suntasach a dhéanamh a fheidhmiú trí shrian a chur le caiteachas a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar an aeráid agus ar an gcomhshaol[8]; á chur i bhfáth, thairis sin, gur cheart comhlíonadh an phrionsabail a áirithiú sa bhuiséad ina iomláine agus gur cheart bearta ceartaitheacha riachtanacha a dhéanamh, gan moill mhíchuí;

– á iarraidh ar na comhreachtóirí na sainchomhaid reachtacha atá fós gan réiteach sa phacáiste

[6] An Coimisiún Eorpach, ‘Príomhshruthú Aeráide’, https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/eu-budget/performance-and-reporting/horizontal-priorities/green-budgeting/climate-mainstreaming_en.
[7] An Coimisiún Eorpach, ‘Príomhshruthú Bithéagsúlachta’, https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/eu-budget/performance-and-reporting/horizontal-priorities/green-budgeting/climate-mainstreaming_en.
[8] SWD(2022)0225, https://commission.europa.eu/system/files/2023-06/swd_2022_225_climate_mainstreaming_architecture_2021-2027.pdf.

'Oiriúnach do 55' a thabhairt chun críche go pras agus ag cur béim thairis sin ar an ngá atá leis an reachtaíocht sin a chur chun feidhme chun an sprioc idirmheánach de laghdú 55 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur chun feidhme pras agus éifeachtach na rialacha agus na n-athchóirithe nua a áirithiú;

− á mheabhrú gur gá a áirithiú go maoineofar an Comhaontú Glas don Eoraip agus tionscnaimh ghaolmhara le haon trian den infheistíocht EUR 1.8 trilliún ó phlean téarnaimh NextGenerationEU agus ó bhuiséad seacht mbliana an Aontais; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis an méid sin, gur gá acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais a leithdháileadh chun Dlí Aeráide an Aontais, Straitéis an Aontais maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide, Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030, an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', an Straitéis Eorpach maidir le Tionsclaíocht, an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, an Rialachán maidir le Ceallraí agus Ceallraí Dramhaíola[9] a chur chun feidhme, Straitéis Ceimiceán an Aontais don Inbhuanaitheacht, Straitéis Foraoise an Aontais do 2030 agus an Dlí maidir le hAthchóiriú an Dúlra, agus fuinneamh glan, inacmhainne agus slán a ráthú[10];

− á chur i bhfáth gur gá méadú níos uaillmhianaí a léiriú ar leithdháileadh cistí do gach clár, amhail LIFE, chun tionscadail a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol a mhaoiniú chomh maith leis an gCiste um Aistriú Cóir chun cabhrú leis na réigiúin is leochailí ar mór a lorg carbóin agus atá ag dul i ngleic le costais eacnamaíocha agus shóisialta an aistrithe aeráide; á iarraidh go ndéanfaí gach clár agus ciste ábhartha eile a 'ghlasú', lena n-áirítear maoiniú don aeráid agus don bhithéagsúlacht a chomhtháthú go réamhghníomhach i ngníomhaíochtaí clársceidealaithe[11];

− ag leagan béim ar an ngá atá le cosc agus ullmhacht níos fearr trí bhearta oiriúnaithe don athrú aeráide a chur chun feidhme chun cur ar chumas an Aontais éigeandálaí amhail na tuilte, dóiteáin, triomach agus imeachtaí eile gan choinne a tharla le déanaí a chosc agus freagairt dóibh; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cistiú leormhaith an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta a áirithiú;

− á mheabhrú go bhfuil an Coimisiún freagrach as a áirithiú go gcuireann gach tír AE dlí an Aontais i bhfeidhm go cuí agus, dá bhrí sin, ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú go bhfuil cistiú leordhóthanach agus cumas foirne leordhóthanach ann chun faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme;

− á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé acmhainní airgeadais agus daonna leordhóthanacha a leithdháileadh ar na gníomhaireachtaí Eorpacha faoi shainchúram ENVI, amhail an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA), an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA), an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA), chun a áirithiú gur féidir leo a bpríomhról a imirt i gceapadh beartas Eorpach mar fhreagairt ar na géarchéimeanna atá os comhair AE;

---

[9] Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE (IO L 191, 28.7.2023, lch. 1).
[10] COM(2019)0640.
[11]SWD(2022)0225, https://commission.europa.eu/system/files/2023-06/swd_2022_225_climate_mainstreaming_architecture_2021-2027.pdf.

– á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé bagairtí sláinte a chosc agus a bheith ullmhaithe níos fearr chun bagairtí sláinte amach anseo a chomhrac; á chur i bhfáth gur gá infhaighteacht agus inacmhainneacht leanúnach cógas a áirithiú chun sláinte agus folláine na saoránach a chaomhnú; á thabhairt chun suntais go bhfuil AE ag brath faoi láthair ar chomhábhair ghníomhacha chógaisíochta (APInna) agus ar amhábhair cheimiceacha a allmhairítear ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus á chur i bhfáth, thairis sin, gur gá neamhspleáchas straitéiseach níos neamhspleáiche agus níos oscailte a bhaint amach sa slabhra soláthair cógaisíochta;

– á chur i bhfáth tuilleadh a thábhachtaí atá sé inbhuanaitheacht agus athléimneacht na gcóras sláinte a neartú agus ag an am céanna, na héagothromaíochtaí maidir le rochtain chomhionann agus chothrom ar chúram sláinte agus ar chógais sláinte a laghdú; á chur i bhfáth gur cheart go leanfadh caiteachas a bhaineann leis an tsláinte na cineálacha cur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’ agus ‘Sláinte sna beartais uile’; á thabhairt chun suntais nach ann d’fhís chomhchoiteann dhomhanda maidir leis an gcur chuige “Aon Sláinte Amháin” agus ullmhacht i ndáil le paindéimí, agus gur gá an fhís sin a bhunú; á mheabhrú go mbaineann baol le ganntanais cógas bunriachtanach agus á iarraidh go ndéanfaí bearta láithreacha chun soláthar leanúnach agus infhaighteacht agus inacmhainneacht na gcógas agus na gcomhábhar is criticiúla a áirithiú[12];

– á athdhearbhú gur cúis bhuartha di gur leithdháileadh níos mó ná 50 % de bhuiséad EU4Health do chaiteachas oibríochtúil an Údaráis um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (AS HERA) de chuid an Choimisiúin agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cistiú iomchuí a leithdháileadh ar na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear le Rialachán EU4Health, lena n-áirítear tacaíocht leordhóthanach do chur chun feidhme an Spáis Eorpaigh Sonraí Sláinte;

– á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, go bhfuil baint ag go leor eipidéimí le teacht chun cinn galar tógálach agus gur cheart iarrachtaí an Aontais chun dul i ngleic le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a mhéadú go suntasach; á chur i bhfáth, thairis sin, go bhfuil gá le comhar níos láidre le comhpháirtithe idirnáisiúnta maidir le teacht ar chomhaontú domhanda maidir le húsáid ábhar frithmhiocróbach agus maidir le rochtain orthu;

– á thabhairt chun suntais gur gá leanúint de chomhrac AE i gcoinne na hailse trí chur chun feidhme Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa a áirithiú trí chistiú leordhóthanach; á chur in iúl gur geal léi an úsáid a bhaintear as cistí ó chlár EU4Health agus ó ionstraimí eile de chuid an Aontais lena gcuirfear tacaíocht airgeadais shuntasach EUR 4 bhilliún ar fáil do na Ballstáit ina n-iarrachtaí chun a gcórais sláinte a dhéanamh níos láidre agus in ann dul i ngleic leis an ailse[13];

– ag cur béim ar a thábhachtaí atá córas feabhsaithe acmhainní dílse de chuid an Aontais a bheadh in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus rannchuidiú le spriocanna sláinte, comhshaoil agus aeráide an Aontais, agus le haisghabháil fiach NextGenerationEU; á mheabhrú go bhfuil buiséad AE comhlántach le buiséid náisiúnta na mBallstát agus go gcuireann sé ar chumas AE a ról mar ghníomhaí domhanda a choinneáil agus fiú a neartú chun dul i ngleic le

[12] COM(2023)0672

[13] Plean na hEorpa chun an Ailse a Chomhrac: Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, ar fáil ag https://health.ec.europa.eu/system/files/2022-02/eu_cancer-plan_en_0.pdf.

dúshláin reatha;

Tá litir den chineál céanna seolta agam chuig Victor Negrescu, an rapóirtéir ginearálta do bhuiséad 2025.

Is mise, le meas,

Pascal Canfin

# IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE
# ÓNA BHFUAIR AN RAPÓIRTÉIR DON TUAIRIM IONCHUR

Dearbhaíonn an Cathaoirleach ina cháil mar rapóirtéir, faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

23.1.2024

## LITIR ÓN GCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FHUINNEAMH

An tUas. Johan Van Overtveldt
An Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL


Ábhar: Tuairim i bhfoirm litreach ar na Treoirlínte do Bhuiséad 2025 - Roinn III (2023/2220(BUI))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 28 Samhain 2023, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 23 Eanáir 2024. Ag an gcruinniú sin, chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin.

Is mise, le meas,





Cristian-Silviu Buşoi
An Cathaoirleach

Christian Ehler
Rapóirtéir

# MOLTAÍ

1. á mheabhrú nach mór tosaíochtaí polaitiúla an téarma reachtaigh nua a léiriú i mBuiséad an Aontais do 2025, ar cheart dó díriú ar na cláir a comhaontaíodh sa CAI reatha a chur chun feidhme ina n-iomláine agus ar na cuspóirí uaillmhianacha maidir le haeráidneodracht agus cuspóirí digiteacha laistigh de na cláir sin a chur chun feidhme; ag diúltú don choincheap gur féidir dúshláin nua nó íocaíochtaí úis arda gan choinne a chistiú trí chláir shuaitheanta atá ann cheana a ghearradh siar amhail Fís Eorpach, an Clár don Eoraip Dhigiteach agus an Ciste Eorpach Cosanta;

2. á chur i bhfáth go bhfuil gá le cistiú breise leordhóthanach ón Aontas chun na cuspóirí a leagtar síos le reachtaíocht nua AE a bhaint amach chun tacú leis an aistriú fuinnimh, leis an aistriú comhshaoil agus leis an aistriú digiteach, go háirithe an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), lena gcuirfear cistiú ar fáil chun tacú leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta agus leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla, agus lena n-áiritheofar cur chun feidhme rathúil phacáistí reachtacha an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ‘Oiriúnach do 55’, maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais agus margaí in-athnuaite gáis nádúrtha agus hidrigine; á áitiú gur cheart buiséad breise a leithdháileadh ar thionscnaimh AE amhail Bauhaus Eorpach Nua, Nascacht Shlán, an Ionstraim Eorpach um Shliseanna agus an Banc Hidrigine, chun a leanúnachas a áirithiú agus a leibhéal uaillmhéine a mhéadú; ag cur sonrú sna spriocanna a comhaontaíodh faoin Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus faoin Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, ar gá tacú leo le cistiú náisiúnta agus cistiú ón Aontas lena n-áirítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, chomh maith leis an gCiste Aeráide Sóisialta;

3. á áitiú nach mór do bhuiséad an Aontais le haghaidh 2025 leanúint d’aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí chogadh foghach na Rúise, trí thacaíocht dhíreach agus cláir chomhair a chur ar fáil don Úcráin, agus ar bhonn níos ginearálta trí uathriail straitéiseach oscailte, neamhspleáchas fuinnimh, iomaíochas an Aontais a neartú agus béim ar leith á leagan ar FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe agus gnólachtaí nuathionscanta, an t-aistriú digiteach, cumais chibearshlándála agus chosanta;

4. á mheabhrú gur gá athléimneacht gheilleagar an Aontais agus iomaíochas thionscail an Aontais a neartú, agus go rannchuideoidh beartais thionsclaíocha an Aontais amach anseo le cuspóirí sóisialta agus glasa a bhaint amach; á chreidiúint, dá bhrí sin, gur cheart do Bhuiséad an Aontais le haghaidh 2025 infheistíocht láidir a dhéanamh san iomaíochas tionsclaíoch, lena gcruthófar conairí i dtreo dícharbónú na n-earnálacha tionsclaíocha, agus slabhraí soláthair AE á n-áirithiú do réimse earnálacha agus teicneolaíochtaí straitéiseacha ag an am céanna; á mheas go bhfuil neamhspleáchas teicneolaíochta, fás inbhuanaithe agus cruthú post ardcháilíochta ríthábhachtach chun cuspóirí fadtéarmacha fuinnimh agus aeráide an Aontais a bhaint amach; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil tionchar ag an ngéarchéim fuinnimh ar thionscail dianfhuinnimh agus ar earnálacha gaolmhara; sa chomhthéacs sin, á iarraidh ar an gCoimisiún moltaí a thabhairt maidir leis an iarraidh agus Státchabhair a fhormheas go pras; ag athdhearbhú na hiarrata go ndéanfaí an cistiú infheicthe, tiomnaithe do FBManna meánchaipitlithe agus cláir nuathionscanta a chothabháil, chun a dhearbhú go bhfuil an tAontas Eorpach tiomanta tacú lena ról maidir le nuálaíocht, fás inbhuanaithe agus cuimsitheach, fostaíocht agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hinfheistíochtaí glasa agus sóisialta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun

aistriú glas atá cóir go sóisialta a bhaint amach;

5. á mheabhrú gurb é buiséad 2025 don chlár Fís Eorpach an chéad bhuiséad bliantúil faoin Dara Plean Straitéiseach don chlár Fís Eorpach; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart cistiú an chláir Fís Eorpach a bheith leordhóthanach chun na cuspóirí gearrthéarmacha do 2030 a bhaint amach, agus, ag an am céanna, infheistíocht leordhóthanach a choinneáil i dtaighde luath chun a áirithiú go mbeidh an bonn eolais atá de dhíth ar an Eoraip do dhúshláin 2040 agus 2050; á chur in iúl gurb oth léi nach leor leibhéal reatha chistiú an chláir Fís Eorpach chun na smaointe agus na teicneolaíochtaí is gá a fhorbairt don aistriú glas agus don aistriú digiteach, nó chun spriocanna an fháis inbhuanaithe agus an neamhspleáchais straitéisigh oscailte a bhaint amach; á iarraidh go méadófaí buiséad 2025 don chlár Fís Eorpach, lena gceadófar do gach fochlár 50 % ar a laghad de na tograí "den scoth" uile a chistiú, de bhrí go ndiúltaítear do bhreis agus 70 % de na tograí sin faoi láthair mar gheall ar neamhdhóthanacht cistí; á chur in iúl go dtacaíonn sí le hinfheistíochtaí leanúnacha i dtionscnaimh straitéiseacha an chláir Fís Eorpach amhail Bauhaus Eorpach Nua; á áitiú gur cheart gach dídhílsiú atá ar fáil faoi Airteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais a úsáid;

6. á chur i bhfios go láidir go bhfágann ábhair imní maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh, praghsanna arda fuinnimh, agus aistriú leanúnach AE chuig an aeráidneodracht go mbeidh saincheist na bochtaineachta fuinnimh ina saincheist ríthábhachtach sna míonna agus sna blianta atá le teacht; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hinfheistíochtaí Eorpacha agus náisiúnta chun an bhochtaineacht fuinnimh a mhaolú;

7. á iarraidh go mbeadh cistiú agus soláthar foirne leordhóthanach ann do ghníomhaireachtaí agus do chomhlachtaí uile an Aontais i réimsí beartais an tionscail, an taighde, an fhuinnimh agus na cibearshlándála, chun déileáil le hualach oibre méadaithe agus le hoibleagáidí rialála nua.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

23.01.2024

## LITIR ÓN GCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT

An tUasal Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: **Tuairim ar na Treoirlínte do Bhuiséad 2025 - Roinn III (2023/2220(BUI))**A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta thuasluaite, iarradh ar an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 29 Samhain 2023, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Chultúr agus um Oideachas breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 23 Eanáir 2024. Ag an gcruinniú sin[1], chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin.

Mise, le meas,

(sínithe) Karima Delli

[1]Bhí na daoine seo a leanas i láthair don vótáil chríochnaitheach: Karima Delli (Cathaoirleach), Andris Ameriks (Leas-Chathaoirleach), Magdalena Adamovicz, Izaskun Bilbao Barandica, Ciarán Cuffe, Markus Ferber, Carlo Fidanza, Mario Furore, Isabel García Muñoz, Vlad Gheorghe, Roman Haider, Pär Holmgren, Elsi Katainen, Kateřina Konečná, Bogusław Liberadzki, Elżbieta Łukacijewska, Peter Lundgren, Marian-Jean Marinescu, Tilly Metz, Cláudia Monteiro de Aguiar, Caroline Nagtegaal, Ljudmila Novak, Philippe Olivier, Rovana Plumb, Tomasz Piotr Poręba, Bergur Løkke Rasmussen, Dominique Riquet, Dorien Rookmaker, Thomas Rudner, Vera Tax, Achille Variati, Petar Vitanov, Viola von Cramon-Taubadel (do Anna Deparnay-Grunenberg de bhun Riail 209(7)), Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Lucia Vuolo.

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal léi an comhaontú lena ndéantar an Úcráin a chomhlachú le clár na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE) lena gcuirtear ar chumas tionscnóirí tionscadail na hÚcráine iarratas a dhéanamh ar chistiú AE le haghaidh tionscadail leasa choitinn i réimsí an iompair, an fhuinnimh agus na seirbhísí digiteacha, lena gcuirtear feabhas breise ar nascacht na hÚcráine lena comharsana AE a thacaíonn le comhtháthú na hÚcráine i Margadh Aonair AE agus lena gcuirtear fás, poist agus iomaíochas chun cinn;

2. á chur i bhfios go láidir gur uirlis ríthábhachtach do gheilleagar na hEorpa agus don Mhargadh Aonair é Iompar SCE, lena n-áirithítear córas agus bonneagar iompair Eorpach atá idirnasctha, sábháilte, cliste agus inbhuanaithe mar aon le tosaíochtaí nua uile an Aontais, agus, dá bhrí sin, nach mór clúdach airgeadais leordhóthanach a bheith ina thosaíocht; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis an méid sin, an méadú ar bhuiséad SCE maidir le hIompar in 2024 chun an bonneagar iompair a neartú, á chur i bhfáth, áfach, nach mór méadú suntasach a dhéanamh ar líne buiséid SCE don Iompar chun na ciorruithe ó na blianta roimhe sin a léiriú; ag tabhairt dá haire go bhfuil gá le hinfheistíocht ollmhór chun an t-iompar a dhícharbónú agus go bhfuil praghsanna tógála agus amhábhair ag dul i méid i gcónaí, rud a chuireann isteach go mór ar na tionscadail nua iompair agus bonneagair; á chur in iúl gur geal léi comhtháthú thionscadail iompair na hÚcráine agus soghluaisteacht mhíleata fheabhsaithe; á chur i bhfáth, i ndáil leis sin, go bhfuil sé mar phríomhthosaíocht gréasán TEN-T a thabhairt chun críche agus a chonairí a leathnú i dtreo na hÚcráine, na Moldóive agus na gcomhpháirtithe eile i gComharsanacht an Oirthir;

3. á athdhearbhú, i bhfianaise chogadh foghach neamhdhleathach, gan údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus na mbagairtí slándála ar an Aontas atá ag dul i méid go mór, go bhfuil gá anois, níos mó ná riamh, le buiséad na soghluaisteachta míleata; sa chomhthéacs sin, á chur in iúl gur geal léi an méadú ar an tsoghluaisteacht mhíleata, á iarraidh ar an gCoimisiún, áfach, réiteach inbhuanaithe a thíolacadh a théann níos faide ná na hIonstraimí Éigeandála; á iarraidh go ndéanfaí an buiséad iomlán don tsoghluaisteacht mhíleata a athbhunú go EUR 6.5 billiún thar 7 mbliana, mar a beartaíodh ar dtús; á iarraidh go méadófar acmhainneacht an bhonneagair agus go mbainfear an leas is fearr is féidir as chun críoch sibhialta agus míleata araon; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hiarrachtaí breise freisin chun na scrogaill sa bhonneagar iompair fhisiciúil sna Ballstáit a aimsiú agus chun na bearnaí idir TEN-T agus gréasáin mhíleata an Aontais a laghdú, lena n-áirítear trí chistí a ghnóthú faoi Ionstraim SCE maidir le hIompar don tSoghluaiseacht Mhíleata chun tacú le tionscadail dé-úsáide; á iarraidh go ndíreofaí ar an úsáid is éifeachtaí a bhaint as an mbonneagar nuair is gá d'fhórsaí míleata bogadh; á iarraidh, dá bhrí sin, go mbeidh imchlúdach buiséadach leormhaith ann lena gcomhlíonfar na riachtanais straitéiseacha, lena n-áiritheofar athléimneacht ard an bhonneagair agus lena dtacófar le teicneolaíochtaí agus le rochtain ar fhuinneamh, ionas gur féidir le fórsaí míleata acmhainneachtaí substaintiúla a bhogadh ar fíor-ghearrfhógra, rud a chuirfidh le líonra soghluaisteachta míleata dea-nasctha le hamanna

freagartha níos giorra agus níos sláine;

4. á iarraidh go ndéanfar gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeidh an cistiú do na gníomhaireachtaí iompair Eorpacha agus do na comhghnóthais ag teacht lena leibhéal freagrachta;

5. ag moladh an toraidh a baineadh amach faoin tionscadal Taighde ar Bhainistíocht Aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair (SESAR) — colún teicneolaíoch thionscnamh an Choimisiúin maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair — arb é is aidhm dó an tionscadal Taighde ar Bhainistíocht Aerthráchta a nuachóiriú agus á iarraidh go ndaingneofaí an cistiú a bheadh ag teacht lena chlár oibre uaillmhianach;

6. ag cur suntas san eitlíocht mhíleata san Eoraip a oibríonn sna céadta limistéar míleata agus sna scórtha aerpháirceanna míleata; á chur i bhfios go gcloíonn thart ar 30 % d'eitiltí míleata na hEorpa le rialacha ginearálta aerthráchta, agus gurb ionann an chuid eile díobh agus aerthrácht oibríochtúil; á mheabhrú go ndéantar eitiltí míleata ar réimse leathan cúiseanna, amhail freachnaimh oiliúna, slándáil náisiúnta (lena n-áirítear misin cheannasachta) agus bainistiú géarchéimeanna trasteorann; ar an gcúis sin, ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil rannpháirtíocht mhíleata fhorleathan i réitigh SESAR thar a bheith tábhachtach chun a áirithiú gur féidir misin míleata éifeachtacha agus úsáid aerspáis a ailíniú le húsáidí eile aerspáis ar fud na hEorpa;

7. á iarraidh go ndéanfaí an cistiú don Chomhghnóthas um Eitlíocht Ghlan (CAJU) a chiorrú toisc go bhfuil ról lárnach aige maidir le hastaíochtaí CO2 ón aeriompar in aghaidh an phaisinéara a laghdú agus maidir le rannchuidiú leordhóthanach leis an aeráidneodracht a áirithiú faoi 2050;

8. á chur i bhfáth go bhfuil gá ar leith leis an leibhéal ceart acmhainní a áirithiú do Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) chun ardleibhéal aeriompair shábháilte agus inbhuanaithe a ráthú ar fud an domhain agus chun na cuspóirí dícharbónaithe a chomhlíonadh agus aghaidh á tabhairt, i measc nithe eile, ar an dúshlán a bhaineann le teicneolaíochtaí nuálacha a dheimhniú agus le dul i ngleic le staideanna criticiúla; ag moladh na treorach a chuir EASA ar fáil d'earnáil na heitlíochta le linn ghéarchéim COVID-19;

9. á iarraidh go méadófar buiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) chun tacú le cur chun feidhme an tionscnaimh mhuirí nuaghlactha FuelEU agus freagrachtaí eile a d'fhéadfadh eascairt as an athbhreithniú ar shainordú na gníomhaireachta;

10. á áitiú nach mór buiséad Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA) a shocrú ar a laghad chomh hard le buiséid na ngníomhaireachtaí eile a bhaineann le hiompar; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag ERA chun gníomhú mar údarás éifeachtúil, go háirithe maidir le cur chun feidhme an 4ú Pacáiste Iarnróid; á mheabhrú ról ERA maidir leis an aistriú marthanach ón mbóthar go dtí an t-iarnród a bhaint amach in éineacht le Comhghnóthas Shift2Rail; á chur i bhfáth, thairis sin, nach mór cistiú don Chomhghnóthas um Iarnród na hEorpa a mhéadú go suntasach, i gcomhréir le tosaíocht straitéiseach an Aontais maidir le haistriú chuig an iarnród; á iarraidh go gcuirfí tacaíocht bhreise ar fáil chun TEN-T a thabhairt chun críche, agus chun an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta

Iarnróid (ERTMS) agus na codanna trasteorann a chur chun feidhme;

11. á chur in iúl gur geal léi an comhaontú ar tháinig Ballstáit an Aontais air an 30 Nollaig 2023 maidir le deireadh a chur le rialuithe teorann inmheánaí aeir agus muirí leis an Rómáin agus leis an mBulgáir; ag tathant ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar na roghanna uile a d'fhéadfadh a bheith ann chun ceart shaoránaigh na Rómáine agus na Bulgáire chun saorghluaiseachta a chosaint, lena n-áiritheofar iompar rianúil de bhóthar agus soghluaisteacht rianúil idir an Rómáin agus an Bhulgáir agus an chuid eile den Aontas chun a chinntiú go n-oibreoidh an Margadh Aonair do chách; á iarraidh ar na Ballstáit teacht ar chomhaontú maidir le cur i bhfeidhm iomlán acquis Schengen sa Rómáin agus sa Bhulgáir agus plé a bhogadh chun cinn chun deireadh a chur le rialuithe ag teorainneacha talún a luaithe is féidir;

12. á iarraidh go mbeadh cistiú tiomnaithe ó AE ann chun tacú le cineálacha inbhuanaithe turasóireachta; á iarraidh ar an gCoimisiún sásra bainistithe géarchéime a mholadh chun a áirithiú go mbeidh an earnáil turasóireachta ullmhaithe go leormhaith le haghaidh géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo; á iarraidh an athuair go gcruthófaí Gníomhaireacht Eorpach um Thurasóireacht a bheidh freagrach as tacaíocht theicniúil agus riaracháin a chur ar fáil do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) chun cur lena gcumas rochtain a fháil ar mhaoiniú agus ionstraimí airgeadais an Aontais agus úsáid a bhaint astu.

13. á mheabhrú go bhfuil ganntanas lucht saothair iompair in AE; á iarraidh, ina leith sin, go n-áiritheofaí tacaíocht leordhóthanach do shábháilteacht agus do dhálaí maithe oibre na n-oibrithe iompair chomh maith le maoiniú limistéar páirceála trucailí atá sábháilte agus slán a ráthú ar fud AE;

14. á chur i bhfáth gur cheart acmhainní airgeadais leordhóthanacha a thiomnú go sonrach do limistéir thuaithe ar fud Bhallstáit an Aontais in 2025, chun na naisc iompair atá in easnamh a chomhlánú agus chun feabhas a chur ar shoghluaisteacht dhaonra na tuaithe chomh maith le forbairt na turasóireachta tuaithe agus an gheilleagair tuaithe.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

08.01.2024

## LITIR ÓN GCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE

An tUasal Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar na Treoirlínte do Bhuiséad 2025 - Roinn III (2023/2220(BUI))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta thuasluaite, iarradh ar an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 28 Samhain 2023, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Ghlac Comhordaitheoirí an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe an litir an 24 Eanáir 2024, agus chinn siad iarraidh ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú:

1. á chur i bhfios go láidir go bhfuil éiginnteachtaí ann maidir leis na huasteorainneacha agus na solúbhtachtaí féideartha a bhaineann le Buiséad 2025 de bharr athbhreithniú meántéarma caibidlíochta ar CAI atá le teacht, rud a fhágann go bhféadfadh sé a bheith deacair moltaí shonracha a thabhairt; á chur i bhfáth gur cheart don athbhreithniú buiséad ilbhliantúil uaillmhianach faoi cheannteideal 3 a chaomhnú ar a laghad, agus níos tábhachtaí ná aon rud eile, buiséad CBT a mhéadú i bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le talmhaíocht an Aontais faoi láthair;

2. á thabhairt chun suntais go mbaineann tábhacht lárnach le CBT chun slándáil bia ar fud an domhain a chosaint agus neamhspleáchas táirgeachta níos fearr a bhaint amach san Aontas; á mheabhrú go bhfuil ról bunúsach ag CBT i soláthar bia inacmhainne, shábhailte agus ardcháilíochta a mhéid is féidir chun ioncaim fheirmeoirí an Aontais a áirithiú, an comhshaol a chosaint agus riocht maith talmhaíochta a chaomhnú; á áitiú go mbaineann tábhacht le leanúnachas chláir CBT atá ann cheana;

3. ag cur béim ar an bhfíoras go meastar gurb ionann na caillteanais arb é an boilsciú is cúis leo agus EUR 37 billiún, nó 10 % don tréimhse ó 2021-27 don Beartas braisle Talmhaíochta agus Muirí (a gcumhdaítear 95 % díobh le CERT agus CETFT) de réir cás réalaíoch de mheánbhoilsciú i stáidéar a rinneadh le déanaí arna iarraidh sin ag an gCoiste um Buiséid[1]; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na héifeachtaí diúltacha atá ag méaduithe ar phraghasanna ionchuir ar feirmeoirí; á chur in iúl go bhfuil sí i gcoinne aon togra chun athdháileadh a dhéanamh ar aon chiste réamh-leithdháilte ó CBT go braislí eile mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar CAI;

4. á chur in iúl gur geal léi an cinneadh an cúlchiste talmhaíochta a mhéadú chun freagairt a thabhairt ar ghéarchéimeanna in earnáil na talmhaíochta agus á chur in iúl gur oth léi, ag an am céanna, go ndearnadh é sin gan dul i gcomhairle leis an bParlaimint ina cáil mar údarás buiséadach; ag cur béim ar ról Pharlaimint na hEorpa in úsáid an chúlchiste; á iarraidh ar an gCoimisiún critéir oibiachtúla agus thrédhearcacha a leanúint i leithdháileadh na gcistí sin agus tuairisc rialta a thabhairt ar a n-úsáid ionas go bhféadfar é a fheabhsú i gcónaí; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh cistiú leordhóthanach ar fáil gan dochar d'íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí agus, i gcás inarb iomchuí, féachaint an bhféadfaí cistí a shlógadh taobh amuigh de CBT;

5. á iarraidh ar na Ballstáit na leibhéil tacaíochta a thugtar d'fheirmeoirí óga a mhéadú agus a gcoinníollacha rochtana ar thalamh agus ar chreidmheas a fheabhsú, mar uirlis forbartha chriticiúil do cheantair thuaithe;

6. á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht le taighde agus nuálaíocht san earnáil agrai-bhia agus gur gá an buiséad don chlár Fís Eorpach a mhéadú, ar clár é atá tiomnaithe don talmhaíocht.

Mar Chathaoirleach ar an gcoiste AGRI, ba mhaith liom a iarraidh ar an gcoiste BUDG aird chuí a thabhairt ar an tuairim sin ina thuaraisc.

Mise, le meas,

Norbert Lins

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Cathaoirleach faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

24.1.2024

# LITIR ÓN GCOISTE UM CHULTÚR AGUS UM OIDEACHAS

An tUasal Johan Van Overtveldt
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar na Treoirlínte do Bhuiséad 2025 - Roinn III (2023/2220(BUI))

A Johan Van Overtveldt, a chara,

Faoin nós imeachta thuasluaite, iarradh ar an gCoiste um Chultúr agus um Oideachas tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 28 Samhain 2023, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach. Rinne sé breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Eanáir 2024 agus ghlac sé an tuairim ag an gcruinniú sin[1].

An Coiste um Chultúr agus um Oideachas:

á áitiú go mbeadh simpliú, éifeachtúlacht riaracháin agus sinéirgí le cláir chistiúcháin eile agus airgead úr ann chun feabhas a chur ar an ráta rathúlachta iomlán d'Erasmus+, Eoraip na Cruthaitheachta, an Cór Dlúthpáirtíochta Eorpach (ESC), agus an triú sraith den Chlár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV).

á chur i bhfáth gur cheart go gclúdódh deontais soghluaisteachta foghlama **Erasmus+** méaduithe ar chostais mhaireachtála chun rannpháirtíocht inrochtana forleathan a chinntiú. á iarraidh go gcuirfí cobhsaíocht airgeadais ar fáil do thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha agus do d'Acadaimh Múinteoirí, in éineacht le cistiú tiomnaithe a leithdháileadh ar an Limistéar Eorpach Oideachais (LEE) amach anseo. á iarraidh go mbeadh sinéirgí méadaithe idir an LEE, an Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach agus an Clár Oibre Scileanna don Eoraip. ag tabhairt rabhaidh i gcoinne ciorruithe ar an gclár: ní féidir na drochthorthaí a fuarthas sa bhabhta is déanaí den Chlár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) de chuid ECFE a aisiompú ach amháin trí infheistíocht a dhéanamh san oideachas.

á iarraidh go méadófaí buiséid **Eoraip na Cruthaitheachta** 2025 chun an tionchar díobhálach a d'fhéadfadh a bheith ag tús-ualú sa chéad leath den timthriall airgeadais ar an dara leath a sheachaint. á chur in iúl nach féidir leis an leithdháileadh airgeadais atá ann faoi láthair freastal ar an ardéileamh ar thionscadail. a chur i bhfáth go bhfuil tábhacht ag baint le

[1] Seo a leanas na daoine a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: Sabine Verheyen (Cathaoirleach agus Rapóirtéir don tuairim), Michaela Šojdrová (Leas-Chathaoirleach), Andrey Slabakov (Leas-Chathaoirleach), Tomasz Frankowski, Theodoros Zagorakis, Ilana Cicurel, Laurence Farreng, Irena Joveva, Monica Semedo, Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Petra Kammerevert, Predrag Fred Matić, Domènec Ruiz Devesa, Massimiliano Smeriglio, Niyazi Kizilyürek, Stelios Kouloglou, David Cormand, Marcel Kolaja, Diana Riba i Giner, Rob Rooken, Christine Anderson, Catherine Griset, Alessandro Panza, Andrea Bocskor, Vladimír Bilčík (comhalta ionaid do Maria Walsh), Wolfram Pirchner (comhalta ionaid do Milan Zver), Ivan Štefanec (comhalta ionaid do Peter Pollák) agus Günther Sidl (comhalta ionaid do Victor Negrescu de bhun Riail Rule 209(7)).

cothromaíocht a choimeád idir na sraitheanna: á iarraidh go gcuirfí maoiniú leordhóthanach ar fáil d'earnáil an cheoil agus do Phríomhchathair Chultúr na hEorpa trí mhéadú a dhéanamh ar Dhuais Melina Mercouri (Sraith an Chultúir), ar thacaíocht do chúrsaíocht trasteorann scannán Eorpach (Sraith na meán), do phictiúrlanna agus físchluichí agus d'iriseoireachta ardcháilíochta agus litearthacht sna meáin (an tsraith Thrasearnálach).

á iarraidh go dtabharfaí acmhainní leordhóthanacha d'ard-runaíocht an Bhoird Eorpaigh um Sheirbhísí na Meán a bheidh ann amach anseo, i gcomhréir leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán a bheidh ann amach anseo. ag meabhrú na hiarrata seanbhunaithe ón bParlaimint go mbeadh buanchiste eagarthóireachta agus mean nuachta de chuid an Aontais ann.

á chur i bhfáth go bhfuil gá le cistiú méadaithe don **chlár an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach (ESC)**, atá ró-shuibscríofa go mór ag daoine óga, ós rud é nach mbeadh méadú buiséid ar ráta comhréidh leordhóthanach chun rátaí boilscithe a mhaolú agus go gcuirfeadh sé srian le cumas na n-eagraíochtaí rannpháirteacha na caighdeáin is airde agus na bearta cuimsithe a leagtar amach sa chlár a chomhlíonadh; i bhfianaise na ndeiseanna a chuireann sé ar fáil do dhaoine óga agus luachanna Eorpacha a bheith á gcur chun cinn aige, ag leagan béim ar an ngá atá le cistiú rialta a chinntiú do shealbhóirí lipéid thar roinnt blianta, le tacaíocht airgeadais a mhéadú agus le tuilleadh solúbthachta a áirithiú i measc na sraitheanna tionscadail chun aghaidh a thabhairt ar na hiarrataí méadaitheacha ar dhlúthpháirtíocht tar éis géarchéimeanna athfhillteacha.

á chur in iúl gur cheart go ndéanfaí foráil do bhuiséid comhréireach agus méadaithe, mar go bhfuil rannpháirtíocht na saoránach sa **Chlár CERV** ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar pholarú sóisialta, ar mhuinín íseal institiúideach, ar chúlú daonlathach, ar chreimeadh an smachta reachta, ar an laghdú ar an spás don tsochaí shibhialta agus ar ionstraimiú an Eoraisceipteachais.

ag tathant ar an gCoimisiún tacaíocht a thabhairt do chóras na **scoileanna Eorpacha** chun ardchaighdeáin mhúinteoireachta a bhaint amach agus malartú dea-chleachtas leis na córais oideachais náisiúnta a mhéadú.

Cé go n-aithníonn sí go bhfuil gá le hath-imlonnú, i bhfianaise na n-aisíocaíochtaí NGEU éigeantacha, á mheabhrú a thábhachtaí atá Erasmus+, an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpach, Eoraip na Cruthaitheachta agus CERV, agus á iarraidh go ndéanfaí gach iarracht is féidir chun leithdháiltí cistiúcháin ar a gclár seacht mbliana a choimeád slán.

ag leagan béim ar a thábhachtaí atá **treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin;** á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go ndéanfar maoiniú leordhóthanach ar na tograí arna dtíolacadh ag An Coiste um Chultúr agus um Oideachas.

Mise, le meas,

Sabine Verheyen

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Cathaoirleach, ina cáil mar Rapóirtéir, faoina freagracht eisiach nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

23.1.2024

## LITIR ÓN GCOISTE UM GHNÓTHAÍ BUNREACHTÚLA

An tUasal Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar na Treoirlínte ginearálta i ndáil le buiséad 2023 a ullmhú, Roinn III – an Coimisiún (2023/2220(BUI))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 7 Nollaig 2023, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 23 Eanáir 2024. Ag an gcruinniú sin[1], chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin.

Is mise, le meas,

Salvatore De Meo

[1] Seo a leanas na daoine a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: Salvatore De Meo (Cathaoirleach agus rapóirtéir don tuairim), Gabriele Bischoff (an chéad Leas-Chathaoirleach), Charles Goerens (an dara Leas-Chathaoirleach), Giuliano Pisapia (an tríú Leas-Chathaoirleach), Loránt Vincze (an ceathrú Leas-Chathaoirleach), Gerolf Annemans, Damian Boeselager, Gilles Boyer, Ana Collado Jiménez, Jonás Fernández (le haghaidh Domènec Ruiz Devesa de bhun Riail 209(7)), Gwendoline Delbos-Corfield, Pascal Durand, Sandro Gozi, Brice Hortefeux, Othmar Karas, Gilles Lebreton, Niklas Nienaß, Max Orville, Antonio Maria Rinaldi, Helmut Scholz, Pedro Silva Pereira, Sven Simon agus Rainer Wieland.

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur i bhfios go láidir — ós rud é gurb í 2025 an bhliain tar éis na dtoghchán Eorpach — gur cheart cumarsáid agus idirphlé éifeachtach leis na saoránaigh a bheith i measc phríomhthosaíochtaí an bhuiséid toisc go bhfuil sé ríthábhachtach feasacht ar chinnteoireacht AE agus ar bheartais an Aontais a chothú ar mhaithe le feidhmiú dhaonlathas na hEorpa, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'obair reachtach choistí na Parlaiminte;

2. á thabhairt chun suntais, go dtí go mbeidh conclúidí ón gComhairle Eorpach ann - lena n-áirítear an fhéidearthacht Coinbhinsiún a thionól - gur cheart go gcuirfí na hacmhainní is gá ar fáil leis an mbuiséad le haghaidh 2025 chun nós imeachta um athruithe ar na Conarthaí a chur chun feidhme, agus go dtacófaí le feachtais faisnéise chomh maith leis an idirphlé le saoránaigh na hEorpa tar éis na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa; á chur i bhfios go láidir go bhfuil an t-athchóiriú ar na Conarthaí nasctha le comhtháthú polaitiúil an Aontais a dhoimhniú i bhfianaise méaduithe a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo agus á chur i bhfios nach féidir freastal ar an dúshlán a bhaineann le méadú AE amach anseo gan buiséad AE a mhéadú ná gan acmhainní dílse breise; á iarraidh go gcuirfí tús leis an bplé ar na hathchóirithe ábhartha airgeadais in 2025 i gcomhthráth leis an gcaibidlíocht aontachais atá ar siúl faoi láthair;

3. á éileamh go ndéanfaí na hacmhainní is gá a choimirciú chun an bhréagaisnéis agus an bhréagnuacht a chomhrac go buan agus go struchtúrach, agus chun cur isteach eachtrach laistigh de AE a chomhrac; á mheabhrú gur gá maoiniú cuí a áirithiú do na struchtúir laistigh d'institiúidí AE atá freagrach as cumarsáid a dhéanamh le saoránaigh agus as cur i gcoinne bréagaisnéise amhail Ionadaíochtaí an Choimisiúin agus Oifigí Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa/Antennae, chun a chur ar a gcumas a gcúraimí a chomhlíonadh go héifeachtach;

4. á mheabhrú gur gá cláir, gníomhaíochtaí agus tionscnaimh an Aontais a mhaoiniú go leordhóthanach, go háirithe an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh chomh maith le hionstraimí rannpháirtíochta agus an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, lena n-éascaítear próisis an daonlathais rannpháirtíochta in AE, lena gcothaítear muinín na saoránach agus lena bhfeabhsaítear a dtuiscint ar bheartais an Aontais; á iarraidh go gcuirfí acmhainní ar fáil chun rannpháirtíocht na saoránach a fheabhsú, go háirithe daoine óga; á mheabhrú gur gá líne bhuiséid a chur chun cinn maidir le curaclam taispeántach agus deonach bunscoile agus meánscoile d'oideachas saoránachta AE agus domhanda;

5. á iarraidh go mbeadh acmhainní leordhóthanacha ann chun trédhearcacht a áirithiú i ngníomhaíochtaí grúpaí leasa agus brústocairí; á iarraidh, i ndáil leis sin, go neartófaí Coiste Comhairleach na Parlaiminte maidir le hIompar na bhFeisirí chomh maith le Rúnaíocht an Chláir Trédhearcachta trí acmhainní leordhóthanacha foirne agus airgeadais araon a chur ar fáil chun a gcúraimí a chomhlíonadh; á mholadh freisin go n-áiritheofaí acmhainní leordhóthanacha chun comhlacht eitice idirinstitiúideach a chur ar bun agus a fheidhmiú, i gcomhréir lena shainordú agus lena chúraimí, i gcás ina

mbunófar é;

6. á mholadh go bhfaighidh an tÚdarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha acmhainní leordhóthanacha, go háirithe chun críocha foirne, i bhfianaise mhéadú suntasach a chúraimí amhail dá bhforáiltear sa togra ón gCoimisiún le haghaidh athmhúnlú Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 agus i bhfianaise a thábhachtaí atá bliain na dtoghchán Eorpach 2024 agus an ualaigh oibre bhreise a cruthaíodh don Údarás;

7. á thabhairt chun suntais gur gá acmhainní cuí a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí an Aontais chun an smacht reachta a neartú, go háirithe chun acmhainní Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha a mhéadú i bhfianaise mhéadú a cúraimí dá bhforáiltear sa sainordú athbhreithnithe bunaithe ar Rialachán (AE) 2022/555 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022;

8. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar rannpháirtíocht eintitis áitiúla, bhailte agus shráidbhailte an Aontais, lasmuigh de phríomhchathracha na mBallstát i saol daonlathach an Aontais go háirithe, agus chun tacú le cur chun feidhme *BELC — Ag tógáil na hEorpa le Comhairleoirí áitiúla* [40] – líonra na bpolaiteoirí tofa áitiúla atá dírithe ar an Aontas Eorpach a chur in iúl trí chomhghuaillíocht nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo idir struchtúir rialtais Eorpaigh agus struchtúir rialtais áitiúil;

9. á iarraidh ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 a chur i bhfeidhm maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint ina iomláine; á chur i bhfáth nach féidir cistí a eisíoc mura gcomhlíonann na Ballstáit na ceanglais ábhartha uile atá leagtha amach ag an gCúirt Bhreithiúnais;

10. á iarraidh an athuair, faoi mar atá déanta aige le fada an lá, go mbeadh cumhachtaí iomlána comhchinnteoireachta ann, go mbeadh ceart tionscnaimh reachtaigh ag Parlaimint na hEorpa, agus go gcuirfí deireadh le crosa chun an creat airgeadais ilbhliantúil a ghlacadh.

---

[40] https://building-europe-with-local-councillors.europa.eu/index_ga

24.1.2024

# LITIR ÓN GCOISTE UM CHEARTA NA MBAN AGUS UM CHOMHIONANNAS INSCNE

An tUasal Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar na Treoirlínte do Bhuiséad 2025 - Roinn III (2023/2220(BUI))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 29 Samhain 2023, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Eanáir 2024[1]. Ag an gcruinniú sin, chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin.

Mise, le meas,

Robert Biedroń

[1] Seo a leanas na daoine a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: Maria da Graça Carvalho, Frances Fitzgerald, Arba Kokalari, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Eleni Stavrou, Rainer Wieland, Sylvie Brunet, Samira Rafaela, María Soraya Rodríguez Ramos, Marco Zullo, Laura Ballarín Cereza, Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Marina Kaljurand, Carina Ohlsson, Evelyn Regner, Sandra Pereira, Eugenia Rodríguez Palop, Gwendoline Delbos-Corfield, Alice Kuhnke, Diana Riba i Giner, Sylwia Spurek, Johan Nissinen, Margarita de la Pisa Carrión, Christine Anderson, Lívia Járóka, Andżelika Anna Możdżanowska, Maria Veronica Rossi

## MOLTAÍ

A. de bhrí go bhfuil an comhionannas inscne agus díothú neamhionannas ar cheann de na bunluachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, agus de bhrí go bhfuil an tAontas tiomanta don chomhionannas inscne agus don phríomhshruthú inscne a chur chun cinn ina ghníomhaíochtaí uile mar a chumhdaítear in Airteagal 8 CFAE;

B. de bhrí gur iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún arís agus arís eile úsáid an phríomhshruthaithe inscne, an bhuiséadaithe inscne agus na measúnuithe tionchar inscne a chur chun cinn agus a chur chun feidhme i réimsí beartais uile an Aontais;

C. de bhrí go raibh tionchar ar leith ag na géarchéimeanna iomadúla atá os comhair an Aontais ar chomhionannas inscne san Aontas, ar géarchéimeanna iad lena ndéantar difear díréireach do mhná, amhail cogadh agus úsáid an fhoréigin ghnéasaigh mar arm cogaidh, méadú ar fhoréigean inscnebhunaithe agus teaghlaigh, srianta ar shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo (SRHR), frithfhreagairtí i gcoinne chearta na mban, chomh maith leis an mbearna phá leanúnach idir na hinscní;

D. de bhrí nach bhfuil buiséid riamh neodrach ó thaobh inscne de agus gur gá, dá bhrí sin, iad a bhunú leis an gcuspóir soiléir comhionannas inscne, frith-idirdhealú agus an sprioc a bhaint amach maidir le gach duine agus a riachtanais shonracha a bhaint amach, lena n-áirítear mná agus cailíní ina n-éagsúlacht uile, chomh maith le cumhachtú eacnamaíoch na mban a chur chun cinn, trí thiomantas inláimhsithe do phríomhshruthú inscne;

E. de bhrí gur gá do na Ballstáit agus do AE an t-idirdhealú a dhíothú agus aghaidh a thabhairt air go héifeachtach agus de bhrí nach mór céatadán méadaitheach de bhuiséad AE, lena n-áirítear Cistí Struchtúracha AE agus infheistíocht i seirbhísí cúraim phoiblí ardcháilíochta agus inrochtana, a dhearadh chun deiseanna nua comhionanna a chruthú i margadh saothair AE lena n-áirítear do FBManna faoi stiúir ban, agus é mar aidhm aige samhail den tsochaí "cúramóir comhionann agus foghlaimeoir comhionann" a bhaint amach;

1. á chur i bhfios go láidir nach mór gné na hinscne a chomhtháthú agus a mheas sa timthriall buiséadach agus i ngach clár, ag gach céim, agus á chur in iúl gurb oth léi nár baineadh an cuspóir sin amach go fóill, in ainneoin na n-iarrataí a rinne Parlaimint na hEorpa arís agus arís eile; á iarraidh go ndéanfaí sonraí inchomparáide atá imdhealaithe ó thaobh inscne de a bhailiú, a thuairisciú agus a mheas ar bhealach córasach agus éigeantach chun measúnuithe tionchair inscne éigeantacha a chumasú i réimsí beartais uile an Aontais, go háirithe le haghaidh miondealú iomlán ar na scóir laistigh den mhodheolaíocht maidir le comhionannas inscne;

2. á chur i bhfáth gur cheart gné an chomhionannais inscne agus cuspóirí a bhaineann le hinscne a chomhtháthú i ngach réimse beartais agus i gcláir uile an Aontais; á iarraidh an athuair, dá bhrí sin, go ndéanfaí buiséadú inscne a chur chun feidhme ag gach céim den phróiseas buiséadach chomh maith le línte buiséid ábhartha a shainaithint chun gur féidir faireachán éifeachtach a dhéanamh ar rannchuidiú bhuiséad AE leis an gcomhionannas inscne agus athbhreithniú atá íogair ó thaobh inscne de a dhéanamh ar na cláir agus ar an gcaiteachas uile;

3. á chur i bhfáth gur gá tuilleadh forbartha a dhéanamh ar mhodheolaíocht rianaithe inscne an Choimisiúin, ar cheart di ní hamháin na gníomhaíochtaí a bhfuil tionchar inscne acu i roinnt clár de chuid an Aontais a shainaithint, ach méid foriomlán an chistithe atá tiomnaithe don chomhionannas inscne i mbuiséad AE a rianú freisin;

4. á athdhearbhú gur gá an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) a threisiú leis an bhfoireann agus an buiséad is gá chun a chur ar a cumas a dualgais shainordaithe a chomhlíonadh agus chun déileáil le méadú géar ar iarrataí ar chúnamh teicniúil maidir le príomhshruthú inscne; á mheabhrú go bhfuil ról ríthábhachtach ag EIGE maidir le heolas luachmhar a roinnt i ndáil le staid an chomhionannais inscne agus chearta na mban san Aontas agus i ndáil le saineolas maidir le beartas, príomhshruthú inscne agus anailís atá íogair ó thaobh inscne de; ag aithint luach thuarascáil bhliantúil EIGE lena gceadaítear do na Ballstáit fiosrú a dhéanamh ar na gnéithe bunúsacha a chuireann bac ar an gcomhionannas inscne; ag tabhairt dá haire go bhfuil na hiarrataí ar sheirbhísí EIGE ag dul i méid i gcónaí agus á chur i bhfios go láidir nach bhfuil tearcmhaoiniú agus tearclíon foirne EIGE ag teacht le cuspóirí agus luachanna an Aontais; ina theannta sin, á thabhairt chun suntais go gcabhródh sé le geilleagar na hEorpa i gcoitinne a bheith níos iomaíche, níos éifeachtúla agus níos athléimní dá gceartófaí na treochtaí imníocha a d'ardaigh EIGE; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé úsáid a bhaint as na huirlisí atá ann cheana a d'fhorbair EIGE amhail a shraith straitéisí do bhuiséadú inscne ag gach céim den mheastóireacht, den chur chun feidhme agus den fhaireachán i gCistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa;

5. á chur in iúl gur oth léi an easpa línte buiséid sonracha do bhearta atá tiomnaithe don chomhionannas inscne agus á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an cistiú a mhéadú chun foréigean inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac laistigh de shraith DAPHNE, chomh maith le comhionannas inscne agus príomhshruthú inscne laistigh de chlár CERV; á iarraidh go méadófar an cistiú do mhná atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin, atá i mbaol suntasach foréigin; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé línte buiséid sonracha a bhaineann le hinscne a bheith ann mar aon le sonraí soiléire maidir leis an gcistiú leithdháilte; á athdhearbhú gur cheart gurb é sin an cleachtas do gach clár lena n-áirítear spriocanna a bhaineann le comhionannas inscne, amhail CSE+ agus á iarraidh go dtabharfaí aird ar leith ar an gcibearfhoréigean in aghaidh na mban sa chlár sin agus i gcláir chothrománacha ghaolmhara eile;

6. ag leagan béim ar an bhfrithfhreagairt, arb ábhar imní í atá ag dul i méid, i gcoinne an chomhionannais inscne agus chearta na mban agus ar a thábhachtaí atá sé feasacht a ardú faoin staid sin agus dul i ngleic leis an staid sin; á chur in iúl gur oth léi nár chuir an Coimisiún clár sonrach maidir le comhionannas inscne san áireamh ina dtogra buiséadach; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an nasc idir na hionsaithe ar an smacht reachta, ar an daonlathas agus ar chearta an duine agus an fhrithfhreagairt ar an gcomhionannas inscne agus ar chearta na mban;

7. á iarraidh ar an gCoimisiún an leithdháileadh buiséid ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta a mhéadú laistigh de na cláir atá ann cheana, go háirithe iad siúd a dhéileálann le sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo, lena n-áirítear rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil a sholáthar agus a éascú, agus iad siúd atá ag obair chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac agus seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do na híospartaigh, á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún an smacht reachta a neartú

agus a áirithiú nach gcuirfear cistí AE ar fáil d'aon eintiteas a bhfuil baint aige le sáruithe ar chearta an duine, go háirithe ar mhionlaigh, agus ar aon sáruithe ar an smacht reachta, lena n-áirítear saoirsí agus cearta bunúsacha na mban, lena n-áirítear cearta bunúsacha agus SRHR;

8. á chur i bhfáth go bhfuil ábhair imní maidir le comhionannas inscne in easnamh den chuid is mó ó cholúin an aistrithe ghlais agus an chlaochlaithe dhigitigh den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ar deis chaillte í chun comhionannas inscne a chomhtháthú go héifeachtach i gcuspóirí aeráide agus comhshaoil.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Cathaoirleach faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 4.3.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 28<br>–: 2<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Pietro Bartolo, Katalin Cseh, José Manuel Fernandes, Eider Gardiazabal Rubial, Vlad Gheorghe, Andrzej Halicki, Eero Heinäluoma, Niclas Herbst, Monika Hohlmeier, Hervé Juvin, Fabienne Keller, Moritz Körner, Joachim Kuhs, Janusz Lewandowski, Margarida Marques, Victor Negrescu, Bogdan Rzońca |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Ana Collado Jiménez, Jonás Fernández, Jens Geier, Charles Goerens, Francisco Guerreiro, Eva Maria Poptcheva, Petri Sarvamaa |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Maria da Graça Carvalho, Enikő Győri, Javier Moreno Sánchez, Matjaž Nemec, Mounir Satouri, François Thiollet |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 28 | + |
|---|---|
| PPE | Asim Ademov, Maria da Graça Carvalho, Ana Collado Jiménez, José Manuel Fernandes, Andrzej Halicki, Niclas Herbst, Monika Hohlmeier, Janusz Lewandowski, Petri Sarvamaa |
| Renew | Katalin Cseh, Vlad Gheorghe, Charles Goerens, Fabienne Keller, Moritz Körner, Eva Maria Poptcheva |
| S&D | Pietro Bartolo, Jonás Fernández, Eider Gardiazabal Rubial, Jens Geier, Eero Heinäluoma, Margarida Marques, Javier Moreno Sánchez, Victor Negrescu, Matjaž Nemec |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, Francisco Guerreiro, Mounir Satouri, François Thiollet |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Joachim Kuhs |
| NI | Hervé Juvin |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ECR | Bogdan Rzońca |
| NI | Enikő Győri |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh